


**BOARDS OF MANAGEMENT
OF
NATIONAL SCHOOLS**

**CONSTITUTION OF BOARDS
AND
RULES OF PROCEDURE 2011**



A N R O I N N	DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS	EDUCATION
AGUS SCILEANNA	AND SKILLS

**BOIRD BHAINISTÍOCHTA
NA
SCOILEANNA NÁISIÚNTA**

**COMHDHÉANAMH NA mBORD
AGUS
NA RIALACHA NÓS IMEACHTA 2011**

Féadfar aon fhiosrúcháin maidir leis an doiciméad seo a chur ar aghaidh chuig an seoladh thíos.

An Rannóg Rialachais Scoileanna
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Corr na Madadh
Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí

Ríomhphost: schoolgovernance@education.gov.ie

Teileafón (090) - 6483723 nó (090) - 6483737

Meán Fómhair, 2011

CLÁR ÁBHAIR

Réamhfhocail.....	4
Réamhrá agus Forbhreathnú ar ról an Bhoird Bhainistíochta	5
1. Ginearálta	10
2. Sainmhínithe.....	11
3. Comhdhéanamh na mBord Bainistíochta	12
4. Nós imeachta maidir le comhaltaí a thoghadh agus a ainmniú ar Bhoird Bhainistíochta	14
5. An seasamh i gcás go mainnítear na comhaltaí breise a ainmniú dá bhforáiltear faoi 3(a) (v) agus 3 (b) (iv) den doiciméad seo	15
6. Neamhcháilitheacht	15
7. Téarma oifige, díscáileadh Boird/comhaltaí a chur as oifig, scor den chomhaltas	16
8. Rúndacht.....	18
9. Cumarsáid/trédhearcacht an Bhoird	19
10. An Cathaoirleach	19
11. An Rúnaí.....	20
12. An Cisteoir	22
13. Nós Imeachta maidir le cruinnithe an Bhoird.....	23
14. Freagrachtaí an Bhoird don Phátrún, do na hÍontaobhaithe agus don Roinn	25
15. Nochtadh leasa/iomláine imeachtaí an Bhoird.....	25

16.	Comhfhreagras.....	26
17.	Rochtain ar an scoil	26
18.	Úsáid as áitreabh na scoile	27
19.	Airgeadas	27
20.	Nósanna imeachta maidir le múinteoirí/ cúntóirí Riachtanas speisialta a cheapadh (CRSanna).....	30
21.	Ceapachán gach fostaí de chuid an Bhoird Bhainistíochta.....	30
22.	Foirm um athrú foirne	31
23.	Córas Éilimh Ar Líne (CEAL).....	31
Aguisín A. Nós imeachta maidir le duine a ainmniú/a thogadh a ainmneofar don Phátrún lena cheapadh mar ainmnitheach na múinteoirí		33
Aguisín B. Nós imeachta maidir le tuismitheoir(i) a ainmniú/a thogadh lena gceapadh ag an bPátrún mar ainmnitheach/ainmnithigh na dtuismitheoirí ar an mBord		34
Aguisín C. Nós imeachta maidir le beirt as an bpobal a roghnú lena gceapadh chun an Bhoird.....		37
Aguisín D. Nósanna imeachta maidir le Múinteoirí agus Príomhoidí a cheapadh		40
Aguisín E. Nósanna imeachta chun Cúntóirí Riachtanas Speisialta a cheapadh		52
Aguisín F. Dearbhú an Phátrúin		58
Aguisín G. Dearbhú glactha comhaltais ar Bhord Bainistíochta na scoile		59

Réamhfhocal

Tá sé céad is ochtó blian ó shoin anois ó bunaíodh an córas Bunscoileanna Náisiúnta againn. Bunaíodh ar bhunús uile-Éireannach é i 1831 agus ba chruthúchán radacach é a thionscnaigh an Rúnaí d'Éirinn, an Tiarna Edward Stanley. Tá tionscnamh Stanley, é leagtha amach i "[Litir Stanley](#)", tar éis dul i gcion go dtí an lá atá inniu ann ar an mbealach ina n-eagraíonn an Stát soláthar an bhunoideachais. I 1937 leag an Bunreacht againne amach "Ní foláir don Stát socrú a dhéanamh chun Bunoidéachas a bheith ar fáil" agus i 1998 chuir an tAcht Oideachais in iúl go sainiúil na heochair-ról agus na feidhmeanna a chomhlíonann Pátrúin agus Boird Bainistíochta i reáchtáil scoileanna.

Tugadh isteach Boird Bainistíochta, ar a n-áirítear ionadaithe tofa do na tuismitheoirí, i 1975. Is eiseamláir iontach den tsaoránacht ghníomhach é ceapadh na mBord Bainistíochta nua i mbunscoileanna a thiocfaidh in éifeacht ó 1 Nollaig 2011. Cuirtear go mór le rialachas ár scoileanna trí shaorálaíochas agus tiomantacht na mílte duine: tuismitheoirí, múinteoirí, ainmnithe an Phátrúin agus ionadaithe an phobail. Tá gach duine díobh, mar bhall de Bhord Bainistíochta nua, ag leanúint le traidisiún na saoránachta tiomanta, traidisiún atá fite fuaite le ról na bunscoile i sochaí na hÉireann. Mar Aire, is mó mo bhuíochas as an ionchur a bhíonn agaibh insna scoileanna agus sa tsochaí i gcoitinne. Is eochair-ról an ról atá agaibh i reáchtáil na scoileanna againne.

Tá sé tábhachtach go ndéanfaidh gach aon Bhord nua machnamh ar an ról atá aige agus ar na freagrachtaí atá air. Is ceart dó a aithint na tosaíochtaí is mó a ndíreoidh sé orthu le linn a théarma oifige. Áirítear sa leabhrán seo forbhreathnú ar ról an Bhoird agus cur síos ar roinnt gníomhaíochtaí bunúsacha lena mbíonn Boird éifeachtúla gafa de ghnáth agus mar ghnáthamh. Molaim go láidir go mbainfeadh gach aon Bhord Bainistíochta nua leas as an bhforbhreathnú seo mar chreat aige don bhealach ina bhfeidhmeoidh sé le linn a théarma oifige.

Creidim go dteastaíonn rochtain ar thacaíocht agus oiliúint chuí ó bhaill na mBord Bainistíochta iad féin má tá siad chun bheith lán-éifeachtach ina ról bainistíochta agus ina dtaca ag Príomhoidí. Ina leith seo, imríonn na comhlachtaí éagsúla bainistíochta ról tábhachtach i dtaca le hoiliúint, comhairle agus treoir a chur ar fáil do Bhoird Bainistíochta. Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis na comhlachtaí bainistíochta agus le gach comhpháirtí eile de na comhpháirtithe oideachais as a bhfuil déanta acu chun an leabhrán seo a thabhairt suas chun dáta do na Boird nua.

Mar fhocal scoir, guím gach rath ar bhaill na mBord uile agus an téarma nua oifige ag tosú.

Ruairí Quinn, T.D.,

Aire Oideachais agus Scileanna

Réamhrá agus Forbhreathnú ar ról an Bhoird Bhainistíochta

Ceaptar Boird Bhainistíochta le haghaidh bunscoileanna i gcomhair théarma ceithre bliana. Is é an téarma oifige do Bhoird Bhainistíochta nua ón 1 Nollaig, 2011 go dtí an 30 Samhain 2015.

Bainistíonn an Bord an scoil thar ceann an Phátrúin agus tá sé cuntasach don Phátrún agus don Aire. Ní mór don Bhord seasamh le spiorad saineúil (éiteas) na scoile agus tá sé cuntasach don Phátrún as amhlaidh a dhéanamh. Tá an Príomhoide freagrach as bainistíocht na scoile ó lá go lá, lena n-áirítear múinteoirí agus foireann eile na scoile a threorú agus a stiúradh, agus tá sé nó sí cuntasach don Bhord as an mbainistíocht sin.

Ní mór do Bhoird Bhainistíochta gach bunscoile, a rachaidh i mbun oifige ón 1 Nollaig 2011 ar aghaidh, cloí le forálacha *Bunreacht agus Rialacha Nós Imeachta na mBord Bainistíochta 2011*. Aithnítear go bhfuil tuiscint shoiléir ar a ról agus ar a bhfreagrachtaí ag na Boird is éifeachtaí freisin agus go gcinntíonn siad go gcomhlíontar iad. Ba chóir don Bhord cur chuige dírithe ar an leanbh a ghlacadh ina gcuid oibre go léir. Caithfidh sé aird a bheith aige ar leas éifeachtach a bhaint as na hacmhainní (go háirithe na deontais a chuireann an Stát ar fáil), ar leas an phobail i ngnóthaí na scoile agus ar chuntasacht do mhic léinn, dá dtuismitheoirí, agus don phobal.

Tá sé tábhachtach ón tús, go scrúdódh an Bord go cúramach a ról agus na freagrachtaí atá air agus go n-aithneodh sé na príomhghníomhaíochtaí agus na tosaíochtaí a mbeidh sé ag déileáil leo le linn a théarma oifige. Beidh siad sin difriúil ó scoil go scoil ag brath ar chúinsí na scoile féin. Mar chúnadh do Bhoird nua, seo cur síos ar roinnt de phríomhghníomhaíochtaí a mbíonn Boird éifeachtúla ag plé leo de ghnáth:

Pleanáil Scoile

Faoi Acht Oideachais, 1998, tá sé d'fhreagracht ar an mBord socrú a dhéanamh chun plean scoile a ullmhú, agus a chinntiú go ndéantar athbhreithniú agus nuashonrú air go rialta. Leagtar amach sa Plean Scoile fealsúnacht oideachais na scoile, a cuid aidhmeanna agus an chaoi a bhfuil sé beartaithe aici iad a bhaint amach. Ba cheart go mbeadh riachtanais foghlama na ndaltaí i gcroílár gach pleanála agus ba cheart go ndíreodh an plean ar mhúineadh agus ar fhoghlaim a bhíonn ar bun sa scoil.

Ní doiciméad statach é an Plean Scoile. Athraítear é de réir mar a athraíonn agus mar a fhorbraíonn riachtanais phobal na scoile. Ní mór é a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta. Ceann de na chéad thascanna a bheidh le déanamh ag aon Bhord nuacheaptha mar sin is ea an Plean Scoile a mheas go cúramach. Feidhmíonn an Plean Scoile mar a bheadh bonn faoi obair na scoile ina hiomláine agus le haghaidh measúnú agus tuairisciú a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar fhorbairt na scoile uile.

[Tá Treoirleáint maidir le pleanáil fhorbartha Scoile le fail ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna.](#)

Tá treoir maidir le pleanáil scoile ar fáil freisin ar láithreán gréasáin na Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (PDST) ag www.pdst.ie.

Féinmheastóireacht

Ceanglaítear ar scoil faoi Acht Oideachais, 1998 córais a bhunú agus a chothabháil lena bhféadfar éifeachtúlacht agus éifeachtacht a cuid oibríochtaí a mheasúnú. Tuigeannta Boird éifeachtacha go maith gur cuid lárnach d'fheabhsú scoile í féinmheastóireacht

agus leanfaidh siad orthu i mbun meastóireachta agus athbhreithnithe ar éifeachtúlacht agus éifeachtacht fhoriomlán na scoile agus an Bhoird féin.

Leagadh amach doiciméad na Roinne "[Ag breathnú ar an Scoil againne](#)" le cuidiú le scoileanna athbhreithniú agus meastóireacht a dhéanamh ar obair na scoile.

Múineadh agus Foghlaim

Faoin Acht Oideachais 1998, tá freagracht reachtúil ar an bPríomhoide agus ar na múinteoirí eile, faoi stiúradh an Phríomhoide, as an teagasc a chuirtear ar fáil do dhaltai sa scoil agus déanfaidh siad, inter alia, an fhoghlaim a chothú agus a spreagadh i ndaltai agus meastóireacht rialta ar dhaltai agus tuairisc faoi thorthai na meastóireachta a thabhairt do na daltaí agus dá dtuismitheoirí go rialta.

Faoin Acht cuirtear dualgas reachtúil ar an mBord freisin a chinntiú go gcuirtear oideachas cuí ar fáil do dhaltai ar fad na scoile. Ionas gur féidir an dualgas sin a chomhlíonadh go héifeachtach, ba chóir don Bhord maoirseacht chuí agus rialta a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim sa scoil. Is féidir leis an mBord ról lárnach a bheith aige féin, ó thaobh maoirseachta agus rialachais de, maidir le caighdeán a fheabhsú sa scoil agus ba cheart dó é sin a dhéanamh. Mar shampla, beidh Bord éifeachtach rannpháirteach go gníomhach chun a chinntiú go ndéantar spriocanna cuí a shocrú d'fhonn torthai foghlama a fheabhsú, go háirithe sa litearthacht agus san uimhearthacht, agus ó thaobh monatóireacht a dhéanamh ar cé chomh maith agus atá na spriocanna á mbaint amach. Is é an rud a bheidh i gceist de ghnáth ná go mbeidh plé rialta ag an mBord faoi cheisteanna mar “Cé chomh maith is atá ag éirí leis na daltaí maidir le léitheoireacht agus mata?” nó “Cén fhianaise atá againn faoi thorthai na ndaltai?” nó “Cén dul chun cinn atá déanta ag na daltaí le bliain anuas?” Ní mór don Bhord a dhírú ó thaobh teagaisc agus foghlama de ar a chinntiú go mbeidh na torthai is fearr is féidir ag daltaí na scoile. Tá sé tábhachtach a chinntiú nach sáródh aon phlé den sórt sin rúndacht dalta. Mar an gcéanna, ba chóir faisnéis a chuirtear ar fáil don Bhord chun na críche sin a bheith i bhformáid nach sáraíonn rúndacht dalta (m.sh. faisnéis arna ríomh i bhfoirm chomhlán de réir aicme nó grúpa, mar is cuí).

Bainistiú Acmhainní

Ceanglaítear le hAlt 15 den Acht Oideachais, 1998 ar an mBord Bainistíochta, agus é ag comhlíonadh a chuid feidhmeanna, go mbeadh aird aige ar úsáid éifeachtúil acmhainní (agus, go háirithe, ar úsáid éifeachtúil cistí stáit). Dá bhrí sin, tá dualgas reachtúil ar Bhoird Bhainistíochta a chinntiú go bhfuil córais agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéanfar acmhainní na scoile (lena n-áirítear deontais, soláthar foirne agus acmhainní eile) a bhainistiú go cuí agus go héifeachtach agus ar bhealach a dhéanann soláthar iomchuí do na páirtithe ábhartha.

Ba chóir go mbeadh gach eolas ag an mBord faoin leas atá á bhaint as na hacmhainní go léir agus go mbeadh sé gnóthach ag déanamh maoirseachta air. Bíonn cead an Phatrúin agus na nLontaobhaithe ag teastáil freisin chun iarratais a dhéanamh ar thionscadail tógála. Toisc rithabhachtach nuair ata acmhainní á leithdháileadh ar scoileanna is ea líon na ndaltai ar an rolla (daonáireamh) a sheoltar ar ais chuig an Roinn. Ní mór don Bhord an tuairisceán sin a scrúdú agus a sheiceáil i gcónaí agus ní mór don Bhord a bheith sásta go bhfuil sé cruinn sula seoltar chun na Roinne é.

Tá riachtanais a bhaineann leis an gCisteoir agus le hAirgeadas faoi seach leagtha amach i Rannóg [12](#) agus i Rannóg [19](#) den leabhrán seo.

Beartais Scoile

Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord maidir le beartais scoile. Mar sin, tá réimse beartas éagsúil scoile ann a mbeidh páirt ag an mBord lena bhforbairt, lena gcur i bhfeidhm agus in athbhreithniú a dhéanamh orthu de réir mar is cuí ó am go ham. Ina measc tá Beartas maidir le Daltaí a Ligeán Isteach (beartas rollaithe), Beartas um Chosaint Leanaí, Cód Iompraíochta nó Beartas Frithbhulaíochta, Nósanna Imeachta maidir le Gearáin, Straitéis Tinrimh Scoile, Ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta srl.

Maidir le chomh mór is a chaithfidh an Bord nua breithniú a dhéanamh ar aon bheartas ar leith de chuid na scoile, braithfidh sé sin ar chúinsí na scoile sin atá i gceist. Mar sin féin, ní mór do gach Bord a chinntiú go bhfuil na beartais riachtanacha, cuí curtha i bhfeidhm faoi mar is gá sa scoil. Tá tuilleadh faisnéise faoi na príomhréimsí beartais maidir le Cosaint Leanaí agus an Cód Iompraíochta nó Beartas Frithbhulaíochta le fáil thíos.

Cosaint Leanaí

Baineann ceisteanna maidir le cosaint agus leas leanaí le gach gné de shaol na scoile agus caithfidh an Bord a chinntiú go gcuirfear cúrsaí den sórt sin san áireamh i ngach ceann de bheartais, de chleachtais agus de ghníomhaíochtaí na scoile. Go háirithe, ní mór don Bhord eolas a bheith aige ar [Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna](#) agus a chinntiú go bhfuil siad curtha i bhfeidhm go hiomlán ag an scoil. Áirítear leis seo a chinntiú:

- gur dhaingnigh an Bord an Beartas um Chosaint Leanaí i gcomhair na scoile,
- go bhfuil cóip de bheartas na scoile um chosaint leanaí ar a bhfuil ainm an Oifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe (DCA) agus an Leasoifigigh Idirchaidrimh Ainmnithe ar fáil do gach duine d'fhoireann na scoile agus den Chumann Tuismitheoirí agus gur féidir le tuismitheoirí é a fháil fáil go héasca ach é a iarraidh,
- go bhfuil ainm an DCA ar taispeáint in áit fheiceálach gar don phríomhbhealach isteach sa scoil,
- go bhfuil an Clár Bí Slán curtha i bhfeidhm go hiomlán ag an scoil,
- go dtuairiscítear cúrsaí cosanta leanaí go cuí chuig an mBord de réir na nósanna imeachta,
- go ndéanann an Bord athbhreithniú bliantúil ar an mBeartas um Chosaint Leanaí agus ar a chur i bhfeidhm.

Tá na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie.

[Tá teimpléad i gcomhair Beartais um Chosaint Leanaí ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.](#)

Tá [Tús Áite do Leanaí](#) - Treoirlinnte Náisiúnta um Chosaint agus Leas Leanaí ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige www.deya.gov.ie.

Cód Iompraíochta / Beartas Frithbhulaíochta

Ní mór don Bhord a chinntiú go gcomhlíonann an scoil a cuid oibleagáidí faoin Acht Oideachais (Leas), 2000 trí Chód Iompraíochta a forbraíodh de réir threoirlínte an [Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais \(BNLO\)](#) a bheith curtha i bhfeidhm.

Caithfidh an Bord deimhin a dhéanamh de freisin go bhfuil beartas frithbhulaíochta ag an scoil. Tugann treoirlínte BNLO, a eisíodh chuig scoileanna in 2008, le fios go soiléir go gcaithfidh gach scoil beartais a bheith acu le cosc a chur le bulaíocht agus le ciapadh agus chun aghaidh a thabhairt orthu agus go gcaithfidh siad a thabhairt le fios go soiléir ina gcód iompraíochta nach féidir glacadh le bulaíocht. Deirtear go soiléir sna treoirlínte freisin gur cheart go dtabharfaí le fios sa chód iompraíochta cad a dhéanfaidh an scoil má líomhnaítear gur sáraíodh beartas frithbhulaíochta na scoile.

An Bord mar Fhostóir

Faoi Alt 24 den Acht Oideachais is é an Bord Bainistíochta fostóir múinteoirí agus baill foirne eile na scoile. Cuimsíonn ról an Bhoird mar fhostóir freagracht as earcú agus dífhostú múinteoirí agus na foirne eile laistigh den scoil, faoi réir na reachtaíochta fostaíochta agus comhaontuithe eanála.

Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna a íocfaidh luach saothair na múinteoirí agus na mball foirne eile a mholtar lena gceapadh sa scoil agus déanfaidh sí é sin de réir na nuimhreacha agus na leibhéal arna bhfaomhadh ag an Roinn d'fhoireann den sórt sin. Tá sé d'fhreagracht ar an mBord a chinntiú nuair a cheapfar foireann chun poist go ndéanfar é sin i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na ceanglais ábhartha atá leagtha amach i gCiorcláin na Roinne agus i gcomhaontuithe eile idir na Ceardchumainn agus Comhlachtaí Bainistíochta (féach **Aguisíní D** agus **E**).

Déileáiltear le ceisteanna faoi fheidhmíocht agus iompar múinteoirí faoi na comhaontuithe a rinneadh faoi Alt 24(3) den Acht Oideachais. Tá na nósanna imeachta maidir le saincheisteanna inniúlachta gairmiúla agus cúrsaí araíonachta ginearálta leagtha amach i [gCiorclán 60/2009](#):

Tá cuntas faoi Théarmaí agus faoi Choinníollacha na mball foirne múinteoireachta agus na gcúntóirí riachtanas speisialta le fáil i gCiorcláin éagsúla ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna. Tá sé ar intinn ag an Roinn na ciorcláin sin a chomhdhlúthú agus iad a dhéanamh níos inrochtana ar leathanach Téarmaí agus Coinníollacha an láithreáin ghréasáin. Tá faisnéis ghinearálta maidir le freagrachtaí fostóirí le fáil ar www.employmentrights.ie.

An Bord agus an Pátrún

Tá sé de dhualgas ar an mBord an scoil a bhainistiú thar ceann an Phátrúin. Le linn don Bhord an dualgas sin a chomhlíonadh, ní mór dó dul i gcomhairle leis an bPátrún agus é a choinneáil ar an eolas maidir le cinntí agus tograí de chuid an Bhoird. Tá an Bord cuntasach don Phátrún freisin as spiorad saineiúil na scoile a chosaint agus ní mór don Bhord beartas na scoile i dtaca le ligean isteach agus rannpháirtíocht sa scoil a fhoilsiú, i cibé modh is dóigh leis an bPátrún a bheith cuí. Tá ról ar leith ag Pátrúin maidir le comhaltaí a a cheapadh chun an bhoird roghnúcháin agallaimh agus maidir le ceapacháin a cheadú roimh ré (Tá eolas breise in **Aguisíní D** agus **E**).

Tá sé riachtanach, dá bhrí sin, go mbeidh socruithe i bhfeidhm lena chinntiú go rachfar i gcomhairle leis an bpátrún mar is cuí maidir le hábhair a bhaineann leis an mBord agus go gcuirfidh an Bord aon fhaisnéis is gá chun ról an Phátrúin a chomhlíonadh ar fáil don Phátrún. I measc na faisnéise a chaithfear a chur ar fáil don Phátrún tá, Beartas Iontrála, Plean Scoile, Beartas um Chosaint Leanaí, cuntais scoile srl.

Oiliúint do Bhoird

Ba chóir do Bhoird, nuair is féidir, leas a bhaint as oiliúint ábhartha chun cabhrú leo a ról a chomhlíonadh. Maidir leis sin, ba cheart do Bhoird dul i dteagmháil leis an gComhlacht Bainistíochta Scoile lena mbaineann (m.sh. Cumann Bainistíochta na mBunscoileanna Caitliceacha, Bord Oideachais Eaglais na hÉireann, Ag Foghlaim le Chéile, mar is cuí) chun faisnéis a fháil a bhaineann le hoiliúint atá ar fáil nó chun comhairle agus treoir a fháil maidir le hábhair a bhaineann leis an mBord.

Is iad seo a leanas na modúil atá clúdaithe ag oiliúint den sórt sin faoi láthair:

- Feidhm an Bhoird mar Aonán Corparáideach - Feidhm, Ról an Bhoird agus an Bord i mbun gnímh
- Nósanna imeachta maidir le baill foirne a cheapadh i scoileanna
- Cúrsaí airgeadas an Bhoird agus ról an Chisteora
- Saincheisteanna dlíthiúla - Beartais agus nósanna imeachta a eascraíonn ó reachtaíocht, treoirlínte agus ciorcláin
- Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí

BOIRD BHAINISTÍOCHTA
NA SCOILEANNA NÁISIÚNTA
COMHDHÉANAMH NA mBORD
AGUS
NA RIALACHA NÓS IMEACHTA 2011

1. Ginearálta

Feidhmíonn Scoileanna Náisiúnta faoin Acht Oideachais, 1998, faoi reachtaíocht ábhartha eile, faoi chiorcláin de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna agus na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta is infheidhme faoi láthair.

Ról an Bhoird Bhainistíochta:

Is é a sonraítear in **Alt 15 den Acht Oideachais, 1998:**

- (1) Is é dualgas boird an scoil a bhainistiú thar ceann an phátrúin agus ar mhaithe leis na mic léinn agus a dtuismitheoirí agus oideachas cuí a sholáthar nó a chur faoi deara é a sholáthar do gach mac léinn ar an scoil a bhfuil freagracht ar an mbord sin ina leith.
- (2) Comhlíonfaidh bord na feidhmeanna a thugtar dó agus do scoil leis an Acht seo agus, le linn do bhord a fheidhmeanna a chomhall:
 - (a) déanfaidh sé amhlaidh de réir na mbeartas a chinnfidh an tAire ó am go ham,
 - (b) déanfaidh sé spiorad saineúil na scoile, mar a chinntear é de réir na luachanna agus na dtraidisiún cultúrtha, oideachais, morálta, creidimh, sóisialta, teangeolaíochta agus spioradálta is bun le cuspóirí agus stiúradh na scoile agus is saintréithe den chéanna, a chosaint agus beidh sé cuntasach don phátrún as iad a chosaint amhlaidh, agus gníomhóidh sé i gcónaí de réir aon Achta den Oireachtas nó aon ionstraime arna déanamh faoin gcéanna, agus de réir aon ghníomhais, cairte, airteagal bainistíochta nó aon ionstraime eile den sórt sin a bhaineann le bunú nó le hoibriú na scoile,
 - (c) rachaidh sé i gcomhairle leis an bPátrún agus coinneoidh sé ar an eolas é nó í maidir le cinntí agus tograí de chuid an Bhoird,
 - (d) foilseoidh sé, i cibé modh is dóigh leis an mbord, le comhaontú an phátrúin, a bheith cuí, beartas na scoile i dtaca le ligean isteach agus rannpháirtíocht sa scoil, lena n-áirítear beartas na scoile i ndáil le mic léinn a dhíbirt agus a chur ar fionraí, agus i ndáil le ligean isteach agus rannpháirtíocht mac léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu, agus cinnteoidh sé, i dtaca leis an mbeartas sin, go n-urramófar prionsabail an chomhionannais agus an ceart atá ag tuismitheoirí a leanaí a chur ar scoil is rogha leis na tuismitheoirí agus go gcomhlíonfar cibé ordacháin a dhéanfaidh an

tAire ó am go ham, ag féachaint do spiorad sainsiúil na scoile agus do chearta bunreachtúla gach duine lena mbaineann,

- (e) beidh aird aige ar phrionsabail agus ar riachtanais sochaí daonlathaí agus beidh urraim aige don éagsúlacht luachanna, creideamh, traidisiún, teangacha agus modhanna maireachtála atá sa tsochaí agus cothóidh sé urraim don éagsúlacht sin,
 - (f) beidh aird aige ar úsáid éifeachtúil acmhainní (agus, go háirithe, ar úsáid éifeachtúil deontas a chuirtear ar fáil faoi alt 12), ar leas an phobail i ngnóthaí na scoile agus ar chuntasacht do mhic léinn, dá dtuismitheoirí, don phátrún, don fhoireann agus don phobal dá bhfónann an scoil, agus
 - (g) úsáidfídh sé na hacmhainní a chuirfear ar fáil don scoil as airgead a sholáthróidh an tOireachtas chun soláthar réasúnach a dhéanamh do mhic léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu agus chun cóir réasúnach a chur orthu, lena n-áirítear, i gcás inar gá é, foirgnimh a athrú agus trealamh cuí a sholáthar.
- (3) D'fhonn amhras a sheachaint, ní thabharfaidh, ná ní mheasfar go dtabharfaidh, aon ní san Acht seo aon cheart don Bhord ar thalamh agus foirgnimh na scoile a bhfuil an Bord sin freagrach ina leith, ná aon leas sa chéanna.

Tabhair faoi deara: Slánú i gcomhair Comhaltaí Boird

Sonraítear in Alt 14(7) den Acht Oideachais (1998) “Ach amháin mar a fhoráiltear leis an Acht seo, ní beidh aon ábhar caingne ann in aghaidh comhalta boird i leith aon ní a dhéanfaidh an comhalta sin de mheon macánta agus de bhun an Achta seo nó aon rialachán arna ndéanamh ag an Aire faoin Acht seo”.

2. Sainmhínithe

- (a) Chun críocha an doiciméid seo, ciallaíonn an **tAire** an tAire Oideachais agus Scileanna agus ciallaíonn an **Roinn** an Roinn Oideachais agus Scileanna.
- (b) Is é an **Pátrún** an duine atá aitheanta mar sin ag an Aire de réir Alt 8 den Acht Oideachais, 1998. Más rud é bhfuil beirt nó níos mó ag feidhmiú feidhmeanna Pátrúin, féadfar iad a chlárú mar Chomhphátrúin.

Tá sé de dhualgas ar an bPátrún, de réir Alt 14 den Acht Oideachais, 1998, Bord Bainistíochta a cheapadh, más indéanta. Foráiltear le hAlt 16 den Acht go bhféadfaidh an Pátrún, le toiliú an Aire, comhalta den Bhord a chur as oifig nó an Bord a lánscoir.

- (c) Go hiondúil, is iad na **hIontaobhaithe** na daoine atá ina bpáirtithe sa léas i gcomhair áitribh na scoile agus iad ainmnithe de ghnáth ag an bPátrún mar Iontaobhaithe na scoile. Glacann na hIontaobhaithe mar chúram orthu féin go leanfar ar aghaidh ag úsáid na bhfoirgneamh mar scoil náisiúnta ar feadh téarma an léasa agus ráthaíonn siad go mbeidh an t-áitreabh agus an an t-inneachar faoi árachas i gcoinne tine agus anfa.

I gcás Scoileanna Caitliceacha bíonn maoin na scoile agus an fiontar ina seilbh ag Iontaobhas Deoise i bhformhór na ndeoisí. I gcás scoile faoi úinéireacht cuallachta is iad na daoine sin a ainmníonn an chuallacht reiligiúnach go dlíthiúil a bhíonn ina nIontaobhaithe. I gcás na scoileanna Clochair agus Mainistreach, agus na scoileanna ar le hIontaobhas iad, cé gurb é an tEaspag an Pátrún, d'fhéadfadh an Deoise, Iontaobhas Cuallachta nó Comhlacht Iontaobais Caitliceach a bheith ina n-úinéirí orthu.

- (d) Is é (iad) an **Bord Bainistíochta / Bainisteoir(í)** an comhlacht daoine nó an duine a cheapann an Pátrún chun an scoil a bhainistiú. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 15 den Acht Oideachais, 1998 ina bhfuil foráil, i measc nithe eile, gurb é dualgas an bhoird “an scoil a bhainistiú thar ceann an Phátrúin agus ar mhaithe leis na mic léinn agus a dtuismitheoirí agus oideachas cuí a sholáthar nó a chur faoi deara é a sholáthar do gach mac léinn ar an scoil a bhfuil freagracht ar an mbord sin ina leith”. Tá an fhoráil seo in Alt 15 freisin “Comhlíonfaidh Bord na feidhmeanna a thugtar dó agus do scoil leis an Acht seo”.
- (e) folaíonn “**tuismitheoir**” tuismitheoir altrama, caomhnóir arna cheapadh nó arna ceapadh faoi na hAchtanna um Chaomhnóireacht Leanaí, 1964 go 1997, nó duine eile a bheidh ag gníomhú in loco parentis agus a bhfuil leanbh faoina chúram nó faoina cúram faoi réir aon chumhachta reachtúla nó ordaithe cúirte agus, i gcás linbh a uchtaíodh faoi na hAchtanna Uchtála, 1952 go 1998, nó, i gcás gur uchtaíodh an leanbh lasmuigh den Stát, ciallaíonn sé an t-uchtaitheoir nó na huchtaitheoirí nó an t-uchtaitheoir marthanach;
- (f) Chun críocha an doiciméid seo, glacfar leis go gciallaíonn **múinteoir ar seirbhís** múinteoir ag fónamh i scoil i gcáil bhuan nó i gcáil téarma shocraithe ina bhfuil an téarma ceapacháin sé mhí ar fhad nó níos faide.

Ní ghlactar leis chun críocha an doiciméid seo gur múinteoirí ar seirbhís iad na múinteoirí seo a leanas:

- (i) múinteoirí (lena n-áirítear ionadaithe) a bhfuil téarma ceapacháin níos lú ná sé mhí acu*;
- (ii) múinteoirí ar sosanna gairme;
- (iii) múinteoirí ar iasacht;
- (iv) múinteoirí ar seirbhís thar lear.

* Is féidir a mheas gur múinteoir ar seirbhís é múinteoir den sórt sin, áfach, i gcúinsí nuair nach bhféadfar aon mhúinteoir ar seirbhís (seachas an Príomhoide nó an Príomhoide Gníomhach) a ainmniú nó a thoghadh chun an Bhoird.

- (g) Ba cheart a ghlacadh leis nach laethanta scoile ach laethanta féilire a chiallaíonn an focal **Laethanta** sa doiciméad seo

3. Comhdhéanamh na mBord Bainistíochta

- (a) I gcás scoileanna a bhfuil níos mó ná múinteoir amháin ar an bhfoireann

aitheanta beidh an Bord Bainistíochta comhdhéanta díobh seo a leanas:

- (i) Beirt ainmnitheach díreach de chuid an Phátrúin.
- (ii) Beirt tuismitheoirí a bhfuil leanaí cláraithe sa scoil acu (ní mór do thuismitheoir amháin acu a bheith ina máthair agus an duine eile ina athair, agus iad araon a bheith tofa ag tuismitheoirí na leanaí i gcoitinne atá cláraithe sa scoil).
- (iii) Príomhoide (nó Príomhoide Gníomhach) na scoile.
- (iv) Múinteoir amháin eile ó fhoireann na scoile atá ar seirbhís, tofa ag vóta na foirne teagaisc lena n-áirítear an Príomhoide.
- (v) Beirt chomhaltaí bhreise molta ag na hainmnithigh sin, a thuairiscítear ag (i) - (iv) thuas, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an bpróiseas atá leagtha amach in [Aguisín C](#).

Tabhair faoi deara: D'fhonn a áirithiú go mbeidh an ionadaíocht is leithne agus is féidir, ba cheart nuair is indéanta sin

- gur tuismitheoirí ó theaghlaigh ar leith a thoghfar chun an Bhoird agus nach mbeidh aon ghaol acu le comhalta ar bith eile den Bhord
- nach ndéanfar tuismitheoirí leanaí atá cláraithe sa scoil a ainmniú nó a thoghadh chun an Bhoird seachas i gcomhréir le (ii) thuas
- go mbeidh comhaltaí ón bpobal a roghnófar de réir [Aguisín C](#) neamhspleách ar na haicmí eile daoine a luaitear i bpointí (i) go (iv) thuas.

Tá sé de cheanglas chomh maith nach féidir duine, seachas an Príomhoide nó, i gcás go dtarlaíonn sé, ainmnitheach tofa na múinteoirí, atá fostaithe chun críocha na scoile, a cheapadh le bheith ina chomhalta den Bhord Bainistíochta ná a bheith ina chomhalta den Bhord sin.

(b) I gcás scoileanna a bhfuil níos mó ná **múinteoir amháin** ar an bhfoireann aitheanta beidh an Bord Bainistíochta comhdhéanta mar seo a leanas:

- (i) Ainmnitheach díreach amháin de chuid an Phátrúin.
- (ii) Príomhoide na scoile.
- (iii) Tuismitheoir amháin de thuismitheoirí na ndaltaí atá cláraithe sa scoil (arna thoghadh ag comhlacht tuismitheoirí i gcoitinne na leanaí atá cláraithe sa scoil).
- (iv) Comhalta breise molta ag na hainmnithigh sin, a thuairiscítear ag (i) - (iii) thuas, ag gníomhú dóibh de réir an phróisis atá leagtha amach in [Aguisín C](#).

Tabhair faoi deara: D'fhonn a áirithiú go mbeidh an ionadaíocht is leithne agus is féidir, ba cheart nuair is indéanta sin

- nach mbeidh aon ghaol ag an tuismitheoir a thoghfar chun an Bhoird le comhalta ar bith eile den Bhord
- nach ndéanfar tuismitheoirí leanaí atá cláraithe sa scoil a ainmniú nó a thoghadh chun an Bhoird seachas i gcomhréir le (iii) thuas
- go mbeidh an comhalta ón bpobal a roghnófar de réir [Aguisín C](#) neamhspleách ar na haicmí eile daoine a luaitear i bpointí (i) go (iii) thuas.

Tá sé de cheanglas chomh maith nach féidir duine, seachas an Príomhoide atá fostaithe chun críocha na scoile a cheapadh le bheith ina chomhalta den Bhord Bainistíochta ná a bheith ina chomhalta den Bhord sin.

4. **Nós imeachta maidir le comhaltaí a thoghadh agus a ainmniú ar Bhoird Bhainistíochta**

- (a) De réir Alt 8 agus Alt 14 den Acht Oideachais, 1998, is é nó í an Pátrún atá freagrach as tús a chur leis na bearta is gá chun Bord Bainistíochta a bhunú i scoil náisiúnta. Chun na críche sin iarrann an Pátrún ar ionadaí socrú a dhéanamh i gcomhair na dtoghchán agus na n-ainmniúchán mar atá leagtha amach in [Aguisíní A, B agus C](#). Is féidir leis an bPátrún an duine is rogha leis nó léi a roghnú chun na críche sin.
- (b) Ach amháin i gcúinsí speisialta le ceadú i scríbhinn ón Aire, nó i gcás na gcomhaltaí den Bhord ar múinteoirí iad a mhéid is a bhaineann lena luach saothair mar mhúinteoirí, ní ghlacfaidh aon chomhalta den Bhord, agus ní bheidh ina s(h)eilbh aon leas tairbhiúil in aon mhaoín a shealbhaítear nó a úsáidtear chun críocha na scoile agus ní bhfaighidh sé nó sí aon luach saothair as a chuid (a cuid) seirbhísí mar chomhalta den Bhord. Mar sin féin, measfar gur eisceacht sa chás seo Príomhoide atá ag fáil liúntais i gcomhair dualgas a chomhlíonadh mar Rúnaí an Bhoird Bhainistíochta chomh fada is a bhaineann sé leis an luach saothair a fhaigheann sé nó sí de bharr na ndualgas sin a chomhlíonadh.
- (c) Socróidh ionadaí an Phátrúin go mbeidh cruinniú ann de na daoine tofa nó ainmnithe de réir na nósanna imeachta in [Aguisíní A agus B](#). Is é cuspóir an chruinnithe seo teacht ar chomhaontú faoi chomhalta breise nó comhaltaí breise a ainmniú, faoi mar atá leagtha amach in [Aguisín C](#).
- (d) Cuirfidh ionadaí an Phátrúin in iúl don Phátrún ainmneacha na ndaoine a toghadh nó a ainmníodh go cuí i gcomhréir le [Aguisíní A, B agus C](#) den doiciméad seo.
- (e) Déanfaidh an Pátrún an Bord Bainistíochta a cheapadh go foirmiúil ansin.
- (f) Ceapfaidh an Pátrún duine de na comhaltaí a cheapfar sa chaoi sin mar Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta.
- (g) I ngach cás, cuirfidh an Pátrún an dearbhú comhlánaithe go hiomlán ag [Aguisín F](#) faoi bhráid na Roinne i ndáil le ceapadh an Bhoird. Sa chás go n-

athraítear an Cathaoirleach le linn théarma oifige an Bhoird, ba cheart don Phátrún é sin a chur in iúl don Roinn ag baint úsáide as an dearbhú atá le fáil in [Aguisín F](#).

- (h) Ach amháin má chuireann an tAire a mhalairt in iúil, laistigh de 10 lá tar éis an fhaisnéis ag (g) a fháil, glacfar leis go bhfuil aitheantas tugtha ag an Aire don Bhord, agus glacfaidh an Bord a oifig láithreach bonn.
- (i) Ní mór an chéad chruinniú den Bhord a thionól laistigh de mhí féilire ón dáta a thugann an tAire aitheantas don Bhord. Beidh ar gach comhalta den Bhord, ag an gcéad chruinniú den Bhord sin nó roimhe sin, dearbhú a shíniú ag glacadh comhaltais den Bhord, agus gealladh go gcloífidh sé/sí leis na rialacha a bhaineann lena d(h)ualgais de réir 'Bunreacht agus Rialacha Nós Imeachta na mBord Bainistíochta 2011' agus gach riail ábhartha eile, mar aon le rialacháin agus ciorcláin na Roinne a bhaineann le comhaltas agus oibriú na mBord agus, go dtí go gcomhlíonfar a leithéid ní bheidh sé/sí i dteideal gníomhú mar chomhalta den Bhord. Tá teimpléad den dearbhú seo ar fáil in [Aguisín G](#).
- (j) Maidir le hionadaí an Phátrúin a dhéileálann le folúntas a tharlaíonn le linn théarma oifige an Bhoird ní gá gurb eisean nó ise an duine céanna a ghníomhaigh mar ionadaí an Phátrúin maidir le céad cheapacháin an Bhoird.

5. An seasamh i gcás go mainnítear na comhaltaí breise a ainmniú dá bhforáiltear faoi 3(a) (v) agus 3 (b) (iv) den doiciméad seo

Má mhainnítear comhaltaí breise a cheapadh mar a fhoráiltear faoin bpróiseas in [Aguisín C](#), fillfidh bainistíocht na scoile, faoi gnáthshocruithe maoinithe, ar ais chuig an bPátrún a fhéadfaidh an scoil a bhainistiú nó bainisteoir a ainmniú de réir Alt 14 den Acht Oideachais, 1998.

6. Neamhcháilitheacht

- (a) Ní féidir duine, seachas an Príomhoide nó, i gcás go dtarlaíonn sé, ainmnitheach tofa na múinteoirí, atá fostaithe ag an mBord Bainistíochta agus/chun críocha na scoile a cheapadh le bheith ina chomhalta den Bhord Bainistíochta ná a bheith ina chomhalta den Bhord sin.
- (b) Ní bheidh duine i dteideal a bheith ina chomhalta de Bhord más rud é, i gcás an duine sin:
 - (i) gur chuir cúirt dlínse inniúla, sna cúig bliana díreach roimhe sin, pianbhreith air nó uirthi téarma príosúnachta a chur isteach, nó
 - (ii) gur cuireadh é nó í ar chlár na gCiontóirí Gnéis le hordú cúirte.
- (c) Ní bheidh duine i dteideal a bheith ina chomhalta de Bhord más rud é, i gcás an duine sin:
 - (i) gur féimheach neamhurscaoilte é nó í, nó

- (ii) sna trí bliana díreach roimhe sin, faoi choimirce nó faoi nós imeachta cúirte, go ndearna sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,

ach amháin nuair nach féidir ar shlí eile ar bith an Bord a cheapadh. I gcúinsí den sórt sin, déanfar an méid sin a dhearbhu do na comhaltaí Boird eile agus don Phátrún roimh an gceapachán.

7. Téarma oifige, díscaoileadh Boird/comhaltaí a chur as oifig, scor den chomhaltas

- (i) Ceithre bliana a mhairfidh téarma oifige an Bhoird.
- (ii) Beidh comhalta, lena n-áirítear an Cathaoirleach, i seilbh oifige ar feadh tréimhse nach faide ná téarma an Bhoird ach d'fhéadfadh sé nó sí a bheith i dteideal a athcheaptha nó a hathcheaptha.
- (iii) De réir an Achta Oideachais, 1998 (Alt 16), féadfaidh an Pátrún, le toiliú an Aire, comhalta den Bhord a chur as oifig nó an Bord Bainistíochta a dhíscaoileadh.
- (iv) Sula ndéanfaidh sé cinneadh comhalta a chur as oifig nó an Bhord a dhíscaoileadh, cuirfidh an Pátrún in iúl don chomhalta sin nó don Bhord sin go bhfuil ar intinn aige nó aici é sin a dhéanamh agus na cúiseanna atá leis agus tabharfaidh deis don chomhalta sin nó don Bhord ar feadh tréimhse d'aon mhí amháin uirill a dhéanamh chuig an bPátrún maidir leis an ábhar.
- (v) Aon uair a dhíscaoilfidh an pátrún Bord, féadfaidh an Pátrún, faoi réir cheadú an Aire, aon duine nó aon chomhlacht daoine is cuí leis an bPátrún a cheapadh chun feidhmeanna an Bhoird a chomhlíonadh, ar feadh tréimhse nach faide ná sé mhí de ghnáth.
- (vi) I gcás ina gcuirfidh Pátrún comhalta de Bhord as oifig, déanfar an folúntas a bheidh ann dá dhroim sin a líonadh de réir rialachán arna ndéanamh de réir fhorálacha **(d)** thíos.
- (vii) De réir an Achta Oideachais, 1998 (Alt 17), féadfaidh an tAire a cheangal ar an Pátrún Bord Bainistíochta a dhíscaoileadh tar éis dó nó di é sin a chur in iúl don Bhord agus don Phátrún go bhfuil ar intinn aige nó aici é sin a dhéanamh agus tar éis dó nó di aon uirill a bheith déanta chuige nó chuici ag an mBord nó ag an bPátrún.

(b) Scor comhaltais

- (i) Más rud é, maidir le comhalta:
 - go mbreithneofar ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í, nó
 - go ndéanfaidh sé nó sí, faoi choimirce nó faoi nós imeachta cúirte, imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,

scoirfidh an comhalta sin air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord, ach amháin i gcás nach féidir an folúntas a bheidh ann dá dhroim sin a líonadh. I gcúinsí den sórt sin, déanfar an méid sin a dhearbhu do na comhaltaí Boird eile agus don Phátrún.

(ii) Más rud é, maidir le comhalta:

- go ngearrfaidh cúirt dlínse inniúla de phianbhreith air nó uirthi téarma príosúnachta a chur isteach nó go bhfuil sé nó sí curtha ar chlár na gCiontóirí Gnéis, nó
- go scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den aicme daoine dá bhforáiltear in **Rannóg 3** thuas, lenar bhain sé nó sí an tráth ar ceapadh é nó í ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord (féach **Tabhair faoi deara** thíos),

scoirfidh an comhalta sin air sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord.

(iii) I gcás ina dtógann ainmnitheach na múinteoirí saoire neamhláithreachta (reachtúil nó neamhreachtúil) atá ceadaithe do thréimhse 24 seachtain nó níos mó, scoirfidh an t-ainmnitheach sin de chuid na múinteoirí de bheith ina c(h)omhalta den bhord amhail ar an dáta a chuirfear tús le saoire den chineál sin agus uaidh.

(iv) I gcás ina dtógann ainmnitheach na múinteoirí saoire neamhláithreachta (reachtúil nó neamhreachtúil) atá ceadaithe do thréimhse 24 seachtain nó níos mó, scoirfidh an t-ainmnitheach sin de chuid na múinteoirí de bheith ina c(h)omhalta den bhord amhail ar dháta thosach feidhme na saoire sin agus uaidh.

Tabhair faoi deara:

- Maidir le haon tuismitheoir nach bhfuil leanbh cláraithe sa scoil aige nó aici a thuilleadh scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta den Bhord ach amháin i gcás tuismitheora a bhfuil leanbh aige nó aici a chríochnaíonn oideachas bunscoile ar an 30 Meitheamh den bhliain sin ina rachaidh téarma an Bhoird Bhainistíochta reatha in éag. Féadfaidh a leithéid de thuismitheoir fanacht ar an mBord go dtí deireadh théarma oifige an Bhoird ar choinníoll nach mó ná cúig mhí san iomlán an tréimhse sin.
- Maidir le haon mhúinteoir nach bhfuil ina mhúinteoir nó ina múinteoir ar seirbhís a thuilleadh scoirfidh sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord.
- I gcás ina scoireann comhalta den Bhord de bheith ina c(h)omhalta den Bhord sin de bhua **(b)** thuas, tiocfaidh oifig an chomhalta sin chun bheith folamh agus líonfar í, a luaithe is féidir tar éis don fholúntas tarlú, ag comhalta nua arna cheapadh ar an modh céanna inar ceapadh an comhalta atá imithe (féach **(d)** faoi seo).

(c) **Comhaltaí den Bhord ag Éirí as Oifig.**

Más mian le comhalta den Bhord éirí as a phost nó as a post mar chomhalta den Bhord, tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn don Chathaoirleach go bhfuil sé sin ar intinn aige nó aici agus scoirfidh an comhalta sin leis sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord a thuilleadh. Maidir le Cathaoirleach ar mian leis nó léi éirí as an mBord tabharfaidh sé nó sí fógra i scríbhinn don Phátrún go bhfuil sé sin ar intinn aige nó aici agus scoirfidh an té sin leis sin de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Bhord a thuilleadh.

(d) Folúntais

(i) Más rud é, maidir le comhalta de Bhord:

- go bhfaigheann sé/sí bás, nó
- go n-éiríonn sé/sí as oifig de réir **(c)** thuas, nó
- go mbíonn sé/sí as láthair ó thrí ghnáthchruinniú den Bhord sin as a chéile, murar cheadaigh an Bord é sin, nó
- go scoireann sé nó sí de bheith ina chomhalta nó ina comhalta de bhua **(b)** thuas, nó
- go gcuireann an Pátrún as oifig é

tiocfaidh oifig an chomhalta sin chun bheith folamh agus líonfar í, a luaithe is féidir tar éis don fholúntas tarlú, ag comhalta nua arna cheapadh ar an modh céanna inar ceapadh an comhalta atá imithe.

(ii) Beidh an comhalta nua a cheapfar sa chaoi sin i seilbh oifige ar feadh a mbeidh fágtha de théarma oifige an Bhoird.

(iii) Ní mór aon athrú ar chomhaltas an Bhoird a thairfeadh i miontuairiscí chéad chruinniú eile an Bhoird.

8. Rúndacht

- (a)** Ceanglaítear ar chomhaltaí aonair an Bhoird nithe a pléadh ag cruinnithe a choinneáil faoi rún mura gcomhaontóidh an Bord a mhalairt de shocrú.
- (b)** I gcás go ndéanfar líomhaintí maidir le sárú rúndachta ag comhalta Boird, déanfar an t-ábhar a chur faoi bhráid an Phátrúin a luaithe is féidir. Déanfaidh an Pátrún imscrúdú ar an ábhar agus bainfidh sé nó sí tátal as an scéal.
- (c)** Má bhíonn an Pátrún sásta tar éis imscrúdú cuí a dhéanamh, gur sháraigh aon chomhalta den Bhord an urghaire rúndachta, féadfaidh sé nó sí, faoi réir thoiliú an Aire an duine sin a chur as oifig de réir Alt 16 den Acht Oideachais, 1998 agus ní ainmneoidh sé nó sí an duine sin ina dhiaidh sin mar chomhalta d'aon Bhord Bainistíochta.

Tabhair faoi deara: Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach ionadaithe na ndaoine a thogh iad comhaltaí an Bhoird. Níl aon oibleagáid orthu tuarascáil a thabhairt dóibh siúd a thogh iad ná treoir a ghlacadh uathu faoi conas vóta a

chaitheamh ag cruinnithe an Bhoird. D'fhéadfadh sé gur sárú ar na ceanglais rúndachta a bheadh i dtuairisciú den sórt sin. Is faoi gach Bord cinneadh a dhéanamh faoi cad is féidir a thuairisciú agus cé a dhéanfaidh é agus, i ndáil leis sin, moltar cúrsaí pearsanra, airgeadais agus nithe pearsanta a láimhseáil mar nithe atá fíor-rúnda.

9. Cumarsáid/trédhearcacht an Bhoird

- (a) Éileoidh dea-chleachtas bainistíochta go ndéanfar cumarsáid go minic le tuismitheoirí, leis an bhfoireann agus le pobal na scoile.
- (b) Beidh nósanna imeachta ag an mBord le tacú le dea-chumarsáid laistigh de phobal na scoile. Sonraítear in Alt 26(3) den Acht Oideachais, (1998) go ndéanfaidh an Bord “teagmháil a chur chun cinn idir an scoil, tuismitheoirí mac léinn sa scoil sin agus an pobal agus, i gcás tuismitheoirí ar mian leo cumann tuismitheoirí a bhunú, déanfaidh sé éascaíocht dóibh agus tabharfaidh sé gach cúnamh réasúnach dóibh agus do chumann tuismitheoirí nuair a bheidh sé bunaithe”.
- (c) Cinnfidh an Bord ag deireadh gach cruinniú de chuid an Bhoird cén fhaisnéis a chuirfear in iúl do na tuismitheoirí, d'fhoireann na scoile agus do phobal na scoile, agus an tslí agus na téarmaí inar chóir í a chur in iúl agus cé a dhéanfaidh é sin. Ba chóir tuairisc chomhaontaithe a tharraingt suas chun na críche sin. Ní beidh sonraí maidir le haon saincheistanna nach mór a choinneáil faoi rún a áireamh sa tuairisc chomhaontaithe. Ba cheart na ceistanna sin a shainaithint go soiléir agus ba cheart na comhaltaí a chur ar an eolas maidir lena n-oibleagáidí i leith na gceanglas rúndachta faoi Rannóg 8 thuas.

Tabhair faoi deara: Maidir le scaipeadh faisnéise faoi (c) thuas a údarú, beidh beartas oscailteachta ag an mBord agus cur chuige dearfach maidir le faisnéis a roinnt le pobal na scoile. Ní gá go dtiocfadh forálacha 8(a) thuas maidir le rúndacht salach ar fheidhmiú beartais den sórt sin; is é an cuspóir atá le forálacha 8 thuas ná cosaint a thabhairt in aghaidh nochtadh míchuí seachas bac a chur le le dea-chumarsáid agus trédhearcacht.

10. An Cathaoirleach

- (a) Beidh Cathaoirleach ar gach Bord Bainistíochta a bheidh i dteideal vóta a chaitheamh agus i gcás comhionannas vótaí beidh an dara vóta agus an vóta réitigh aige nó aici chomh maith.
- (b) Is é an Pátrún a cheapfaidh an Cathaoirleach agus is ón gceapachán sin a gheobhaidh sí nó sí a údarás nó a húdarás. I bhfeidhmiú na feidhme seo don Phátrún tabharfaidh sé nó sí aird chuí ar an deis a bheith páirteach i bpróiseas comhairliúcháin laistigh de phobal níos leithne na scoile. Tabharfaidh an Pátrún aird chuí freisin nuair a bheidh sé nó sí ag ceapadh duine mar Chathaoirleach ar an gcaoi a bhfeadfaí a cheapadh go mbeadh coinbhleacht leasa ag an té sin maidir le bheith ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach agus tabharfaidh sé aird freisin ar chumas an té sin dualgais an róil sin a chomhlíonadh.

- (c) Ní bheidh an Príomhoide ná ainmnitheach tofa na múinteoirí incháilithe lena gceapadh mar Chathaoirleach. Ina theannta sin, níor ceart go mbeadh aon ghaol díreach ag an gCathaoirleach, (más indéanta) le haon bhall foirne ar seirbhís nó le haon chomhalta den Bhord.
- (d) Má tá an Cathaoirleach as láthair ó chruinniú ar leith, nó i gcás go dtarraingíonn an Cathaoirleach siar ó chruinniú nó ó chuid de chruinniú mar gheall ar choinbhleacht leasa, déanfaidh an Bord Cathaoirleach Gníomhach a thoghadh le bheith i gceannas ag an gcruinniú sin amháin nó ag cuid den chruinniú sin amháin, mar is cuí. Seachas sin, ceapfaidh an Pátrún Cathaoirleach nua nó Cathaoirleach Gníomhach nuair is gá sin (m.sh. sa chás go mbeadh an Cathaoirleach as láthair ar feadh tréimhse fada).
- (e) Féadfaidh an Bord an Cathaoirleach agus / nó comhalta eile a údarú, i dtaca le feidhm nó feidhmeanna ar leith, le gníomhú ar a shon ar feadh tréimhse sonraithe ama.
- (f) Tabharfaidh an Bord údarás don Chathaoirleach gníomhú thar ceann an Bhoird nuair atá comhaontú á dhéanamh le gach ball foirne nua a cheapfar chuig foireann na scoile.
- (g) Gníomhóidh an Cathaoirleach nó an Príomhoide (le cead an Chathaoirligh) thar ceann an Bhoird ag deimhniú na dtuairisceán scoile agus foirmeacha oifigiúla eile de réir mar is gá.
- (h) Forálann na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta gur cheart do bhainisteoirí cuairt a thabhairt ar a scoileanna agus iad féin a shásamh go bhfuil na Rialacha á gcomhlíonadh; comhlíonfaidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta an ceanglas seo freisin. Féadfaidh comhaltaí an Bhoird cuairt a thabhairt freisin ar a gcuid scoileanna; ní féidir cuairteanna den sórt sin a dhéanamh, áfach, ach amháin sa chás go bhfuil gnó oifigiúil an Bhoird ar siúl agus de réir mar atá údaraithe ag Cathaoirleach an Bhoird.

11. An Rúnaí

Tá liúntas iníoctha le Príomhoidí a bhíonn ag feidhmiú mar Rúnaithe ar na Boird Bhainistíochta. Tá cur síos ginearálta i [gCiorclán 0079/2007](#) ar dhualgais an Phríomhoide a bhíonn ag gníomhú mar Rúnaí Boird Bhainistíochta. Ní liosta uileghabhálach liosta na ndualgas a bhfuil cur síos air sa chiorclán áfach agus féadfaidh an Bord Bainistíochta dualgais eile a chur san áireamh de réir mar a chinnefidh an Bord ó am go ham.

D'ainneoin fhorálacha an chiorcláin, feidhmeoidh an Cathaoirleach mar chomhfhreagraí an Bhoird de réir Alt 16(a) den doiciméad seo.

I gcásanna *nach roghnaíonn* Príomhoide na scoile an liúntas atá iníoctha as gníomhú mar Rúnaí Boird Bhainistíochta a ghlacadh;

- (a) Toghfaidh an Bord duine de na comhaltaí mar Rúnaí Taifeadta.
- (b) Beidh dualgais an Rúnaí Taifeadta teoranta don mhéid seo a leanas:

- (i) Miontuairiscí a choimeád de gach cruinniú i bhfoirm chuí a bheidh le coinneáil in áit shábháilte agus a bheidh ar fáil ar iarratas d'ionadaithe an Phátrúin, na nIontaobhaithe agus na Roinne.
- (ii) Clár a leagan síos do chruinnithe i gcomhairle le Cathaoirleach an Bhoird agus leis an bPríomhoide.
- (iii) Na cinntí a rinneadh ag na cruinnithe a thaifeadadh sna miontuairiscí lena n-áirítear líon na gcomhaltaí a vótáil ar son nó i gcoinne rúin.

Tabhair faoi deara: Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Ceapadh na hAchtanna um Chosaint Sonraí chun cearta daoine aonair a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta. Tugann an dlí sainmhíniú ar shonraí pearsanta mar "sonraí a bhaineann le duine aonair beo is féidir a aithint ó na sonraí nó ó na sonraí i dteannta faisnéise eile atá i seilbh an rialaitheora sonraí nó is dóigh a thiocfaidh chun bheith ina sheilbh nó ina seilbh". Thug an tAcht um Chosaint Sonraí, 2003 (Leasú) taifid láimhe faoi raon feidhme na reachtaíochta cé nár thagair Acht na bliana 1988 ach do chomhaid ríomhaireachta.

Tugann na hAchtanna an ceart do gach duine, is cuma cén náisiúntacht nó áit chónaithe atá aige nó aici, a dheimhniú an bhfuil sonraí pearsanta ann, rochtain a fháil ar aon sonraí den sórt sin a bhaineann leis / léi agus go ndéanfar sonraí míchruinne a cheartú nó a scriosadh. Ceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí a chinntiú go ndéantar na sonraí a choimeádann siad a bhailiú go cóir, go bhfuil siad cruinn agus suas chun dáta, go bhfuil siad á gcoinneáil chun críocha dleathach, agus nach bhfuil in úsáid nó á nochtadh ar aon bhealach atá ar neamhréir leis na críocha sin. Ceanglaítear ar rialaitheoirí sonraí agus próiseálaithe sonraí araon na sonraí a choimeádann siad a chosaint agus forchuirtear dualgas speisialta cúraim orthu i ndáil le daoine aonair faoina gcoinníonn siad sonraí den sórt sin.

Ní mór miontuairiscí an Bhoird agus taifid agus sonraí eile scoile a choimeád i gcomhréir leis na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Tá gach scoil freagrach as na hAchtanna a chomhlíonadh. Ní mór don Bhord a bheith feasach ar a oibleagáidí dá bhrí sin, i ndáil le rúndacht, cruinneas agus slándáil na dtaifead agus na sonraí go léir atá i seilbh na scoile. Áirítear air sin taifid/sonraí a bhaineann le baill foirne agus daltaí agus taifid/sonraí a bhaineann le gnó an Bhoird.

Tá treoir á forbairt ag comhlachtaí bainistíochta bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna do scoileanna chun a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh i ndáil le cosaint sonraí.

Tabhair faoi deara: Na hAchtanna um Fhaisnéis do Shaoránaigh, 1997 agus 2003

Ba chóir do Bhoird Bhainistíochta a thabhairt ar aird maidir le taifid a sheolann scoil ar aghaidh chuig comhlacht poiblí agus a choinníonn an comhlacht sin ina sheilbh go bhféadfaidís a bheith faoi réir fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

12. An Cisteoir

- (a) Toghfaidh an Bord duine dá chomhaltaí mar Chisteoir. Ní bheidh an Príomhoide ná ainmnitheach na múinteoirí chun an Bhoird ina Chisteoir ná ina Cisteoir. Beidh gach rud ar eolas ag an gCisteoir faoi cheanglais alt 18 den Acht Oideachais, 1998, agus faoi cheanglais na Rannóige seo agus faoi Rannóg 19 den doiciméad seo.
- (b) Coinneoidh an Cisteoir cunta(i)s na scoile. Beidh an méid a bheidh i gceist le córas cuí cuntasáíochta ag brath ar mhéid na scoile agus ar éagsúlacht a gníomhaíochtaí. Mar sin féin, tá teimpléad ríomhairithe de chóras éifeachtach cuntasáíochta ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag: [LINK](#)
- (c) Déanfar gach airgead a fhaightear a thaisceadh i gcuntas bainc/i gcuntais bhainc na scoile a bheidh cláraithe in ainm na scoile. Is chun críocha riachtanas baincéireachta na scoile amháin a úsáidfear cuntas bainc/cuntais bhainc na scoile. Tá réimse modhanna íocaíochta ann is féidir le Boird a úsáid, lena n-áirítear seiceanna, dochar díreach, cártaí creidmheasa, aistriú creidmheasa srl. Ba chóir do Bhoird plé a dhéanamh lena mbaincírí faoi na modhanna íocaíochta is éifeachtúla ó thaobh costas de.

Caithfidh an Bord é féin a shásamh go bhfuil rialuithe inmheánacha cuí i bhfeidhm do gach idirbheart airgeadais.

Ní mór íocaíochtaí le seiceanna a bheith údaraithe ag beirt de thriúr shínitheoirí ainmnithe den Bhord, agus ní mór gurb é an Cathaoirleach duine acu agus an Cisteoir an duine eile sa chéad áit. Féadfaidh an Cathaoirleach comhalta Boird a ainmniú, áfach, le feidhmiú mar shínitheoir má tá sé / sí as láthair. Nuair is féidir, ba chóir go mbeadh an bheirt sínitheoirí ainmnithe ag aicmí éagsúla de Chomhaltaí an Bhoird.

Déanfaidh an Bord a chinntiú go bhfuil rialuithe cuí i bhfeidhm i ndáil leis an úsáid a bhaintear as aon chárta creidmheasa/dochair de chuid na scoile. Áireofar orthu sin prótacail agus nósanna imeachta cuí maidir le húsáideoir(i) a cheadú, cúram an chárta lena mbaineann, údarú na n-íocaíochtaí, teorainneacha comhaontaithe le híocaíochtaí agus soláthar na ndoiciméad agus na dtaifead tacaíochta.

Féadfar cuntas mionairgid a oibriú. Íocfaidh an Bord mionairgead lena chomhaltaí maidir le costais a thabhaíonn siad ar ghnó an Bhoird, m.sh. postas, táillí teileafóin agus míreanna beaga eile. Féadfaidh sé cibé coinníollacha is cuí leis a leagan síos chun an mionairgead sin a íoc. Ba chóir na cuntais agus na taifid go léir is cuí agus is gnách a choinneáil de réir an chleachtais cuntasáíochta is fearr, lena n-áirítear ceanglais chun costais a dhearbhu le hadmhálacha, nuair is cuí.

Ní mór gach taifead cuí agus gnách a choinneáil maidir le gach idirbheart airgeadais.

- (d) Cuirfidh an Cisteoir ráiteas cothrom le dáta de na cuntais scoile i láthair ag gach cruinniú ina mbeidh sonraí faoi ioncam agus faoi chaiteachas ón

gcrúinniú roimhe sin.

- (e) Coinneoidh an Cisteoir dearbháin caiteachais le scrúdú agus le hiniúchadh ag cuntasóir na scoile agus ag oifigigh na Roinne. Déanfar gach doiciméad airgeadais a chur faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta, agus ar iarratas faoi bhráid an Phátrúin, na nIontaobhaithe, agus chuig an Roinn ag deireadh gach bliain airgeadais.

13. Níos Imeachta maidir le cruinnithe an Bhoird

(a) Minicíocht na gcrúinnithe

Tionólfaidh an Bord cibé cruinnithe agus cibé méid díobh ag cibé tráth a mheasfaidh an Cathaoirleach is gá ach beidh ceann amháin acu ar a laghad in aghaidh an téarma scoile agus ní bheidh níos lú ná cúig chruinniú ann in aon bhliain scoile.

(b) An chéad chruinniú

- (i) Beidh ar gach comhalta den Bhord, ag an gcéad chruinniú den Bhord sin nó roimhe sin, dearbhú a shíniú ag glacadh comhaltais den Bhord, agus gealladh go gcloífidh sé/sí leis na rialacha a bhaineann lena d(h)ualgais de réir 'Bunreacht agus Rialacha Níos Imeachta na mBord Bainistíochta 2011' agus gach riail ábhartha eile, mar aon le rialacháin agus ciorcláin na Roinne a bhaineann le comhaltas agus oibriú na mBord agus, go dtí go gcomhlíonfar a leithéid ní bheidh sé/sí i dteideal gníomhú mar chomhalta den Bhord. Tá teimpléad den dearbhú seo ar fáil in [Aguisín G](#).
- (ii) I gcásanna nuair nach nglacann Príomhoide na scoile an liúntas atá iníoctha as gníomhú mar Rúnaí ar Bhord Bainistíochta, toghfaidh an Bord duine de na comhaltaí mar Rúnaí Taifeadta de réir Rannóg 11 den doiciméad seo. Toghfaidh an Bord duine dá chomhaltaí mar Chisteoir de réir Rannóg 12.

(c) Gnáthchruinnithe

- (i) Féadfaidh an Cathaoirleach cruinniú den Bhord a ghairm tráth ar bith.
- (ii) Ní mór fógra i dtaobh am agus áit an chruinnithe atá beartaithe, mar aon le clár an chruinnithe, a sheoladh chuig gach comhalta den Bhord seacht lá glan ar a laghad roimh gach gnáthchruinniú. Ba chóir go mbeadh sé soiléir go bhfuil gach comhalta den Bhord i dteideal fógra a fháil faoi na cruinnithe go léir - lena n-áirítear cruinnithe inar féidir ceisteanna a bhaineann go díreach le comhalta faoi leith a chur agus d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí air nó uirthi imeacht ón gcrúinniú nó d'fhéadfadh sé nó sí cinneadh a dhéanamh gan a bheith i láthair sa chás go mbeadh an cruinniú sin ar siúl le haghaidh na críche sin amháin. I gcás ina mbíonn imthosca eisceachtúla ann, féadfar cruinniú den Bhord a thionól agus fógra níos lú ná seacht lá a thabhairt agus ba chóir é sin a thaifeadadh sna miontuairiscí.

- (iii) Triúr comhaltaí an córam don Bhord i gcás scoileanna aon-oide agus cúigear comhaltaí i gcás gach scoil eile.
- (iv) Beidh an córam sin i láthair i rith an chruinnithe go léir.
- (v) Faoi réir (c) (iii) thuas, féadfaidh Bord gníomhú d'ainneoin folúntas amháin nó níos mó a bheith i measc a chomhaltaí.
- (vi) Ní chuirfear imeachtaí an Bhoird ó bhail de bharr aon locht a bheith ann maidir le cheapachán ná maidir le cáilíochtaí aon chomhalta den Bhord.
- (vii) Is ag cruinniú a thionólfar i gceart a ghlacfar gach cinneadh de chuid an Bhoird. Aithnítear go mbeidh sé gá i roinnt imthosca teoranta leas a bhaint as glao comhdhála chun cruinniú Boird a éascú. I gcúinsí den sórt sin, ní mór an méid sin a thaifeadadh sna miontuairiscí agus ní mór don Bhord a bheith lánsásta go gcoinneofar imeachtaí an Bhoird faoi rún i gcónaí. De réir (iv) thuas, beidh an córam sin i láthair i rith an chruinnithe go léir.
- (viii) I gcás ina ndéantar vótáil faoi ábhar déanfar é a chinneadh le tromlach vótaí na gcomhaltaí a bheidh i láthair agus a bheidh ag vótáil ann agus, sa chás go mbíonn comhionannas vótaí ann, féadfaidh Cathaoirleach an chruinnithe dara vóta agus vóta réitigh a fheidhmiú. Déanfar an líon daoine a vótáil ar son agus i gcoinne rúin a thaifeadadh.
- (ix) Déanfar miontuairiscí imeachtaí an Bhoird a thaifeadadh i bhfoirm iomchuí agus sínfidh Cathaoirleach an chruinnithe sin dá bhfuil siad á dtaifeadadh nó Cathaoirleach an chéad chruinnithe eile iad. Is leis an mBord na miontuairiscí agus beidh siad ar fáil ar iarratas don Phátrún, do na hIontaobhaithe agus don Roinn.
- (x) Tá feidhm ag forálacha (iii) go (ix) thuas maidir le gach cruinniú Boird.

(d) Cruinnithe iarrtha

- (i) Nuair a gheofar foréileamh sínithe ag an gceathrú cuid ar a laghad de chomhaltaí an Bhoird móide comhalta amháin, nó foréileamh an Phátrúin, ina luafar an gnó atá le cur i gcrích, tionólfaidh an Cathaoirleach cruinniú urghnách den Bhord laistigh de sheacht lá agus ní dhéileálfar le haon ghnó eile seachas mar atá sonraithe san fhógra ag cruinniú speisialta den sórt sin.
- (ii) I gcás ina mainneoidh Cathaoirleach cruinniú a thionól laistigh de sheacht lá, is é nó í an Pátrún nó duine de na comhaltaí atá ag éilimh an chruinnithe a thionólfaidh cruinniú den sórt sin.

(e) Cruinnithe éigeandála

- (i) Beidh sé de chumhacht ag an bPríomhoide le toiliú an Chathaoirligh cruinniú speisialta éigeandála den Bhord Bainistíochta a thionól i gcás go mbeadh gá leis sin.

- (ii) Tionólfar an cruinniú seo chomh luath agus is féidir tar éis fógra a bheith tugtha do gach comhalta atá ar fáil maidir le cruinniú den sórt sin.
- (iii) Beidh an gnáthchóram ag teastáil.

14. Freagrachtaí an Bhoird don Phátrún, do na hÍontaobhaithe agus don Roinn

Cuirfidh an Bord ar fáil don Phátrún, do na hÍontaobhaithe agus nuair a iarrtar é don Roinn, tuairiscí agus tuairisceáin den sórt sin agus tabharfaidh dóibh faisnéis den sórt sin a d'fhéadfadh a bheadh de dhíth orthu, chun a bhfeidhmeanna éagsúla i ndáil leis an scoil a chomhlíonadh.

15. Nochtadh leasa/iomláine imeachtaí an Bhoird

- (a) Comhalta den Bhord a bhfuil gaol aige/aice le duine is iarrthóir lena c(h)eadadh ag an mBord mar mhúinteoir nó mar bhall eile d'fhoireann na scoile, an Príomhoide san áireamh, déanfaidh an comhalta sin an gaol mar aon lena chineál a nochtadh láithreach don Bhord agus ní ghlacfaidh sé nó sí páirt in aon bhreithniú nó cinneadh a dhéanfaidh an Bord maidir leis an gceapachán agus déanfar an nochtadh agus an cinneadh a thaifeadadh i miontuairiscí an Bhoird. Sa chomhthéacs sin, ní foláir do chomhaltaí an Bhoird nochtadh a dhéanamh, ní hamháin i gcás gaol teaghlaigh, ach i leith aon ghaol a d'fhéadfaí a mheas mar ghaol a bheadh dochrach do neamhchlaontacht iomlán sa phróiseas roghnúcháin. Ní gá go gciallaíonn gaol gairmiúil go mbeidh coimhlint leasa i gceist.
- (b) Más rud é go bhfuil gaol ag aon chomhalta den Bhord le haon duine nó má tá baint aige/aici le haon ghnólacht/chuideachta atá mar ábhar ceiste nó a bhfuil baint dhíreach aige/aici le ceist atá os comhair an Bhoird lena breithniú (lena n-áirítear nithe a bhaineann le hearraí nó seirbhísí a sholáthar), nochtfaidh an comhalta sin don Bhord láithreach go bhfuil an gaol sin ann agus cad é an gaol. Mura mbeidh an Bord lánsásta nach bhfuil an gaol atá i gceist dochrach do chaomhnú phrionsabail an cheartais aiceanta agus/nó do riachtanais an tsoláthair phoiblí agus go sonrach an ceanglas dlíthiúil nár cheart go bhfeadfaí claontacht a chur i leith imeachtaí an Bhoird, ansin ní ghlacfaidh an comhalta sin aon pháirt i mbreithniú an Bhoird ar an gceist agus déanfar nochtadh agus neamhláithreach an chomhalta a thaifeadadh sna miontuairiscí. Sa chomhthéacs seo, ní foláir do chomhalta an Bhoird nochtadh a dhéanamh, ní hamháin i gcás gaol teaghlaigh, ach i leith aon ghaoil a bhfeadfaí a mheas go mbeadh sé dochrach do neamhchlaontacht iomlán i bplé an Bhoird.
- (c) I gcás go bhfuil comhalta ar bith den Bhord gafa go pearsanta in ábhar ceiste atá os comhair an Bhoird lena breithniú, tarraingeoidh an comhalta sin siar ó phlé an Bhoird ar an gceist mura mbeidh an Bord lánsásta nach mbeidh láithreach an chomhalta le linn an phlé mar sin dochrach do chaomhnú phrionsabail an cheartais aiceanta agus go sonrach an riachtanas dlí nár cheart go bhfeadfaí claontacht a chur i leith imeachtaí an Bhoird. Déanfar neamhláithreach an chomhalta ón bplé a thaifeadadh sna miontuairiscí. Ba cheart na forálacha atá leagtha amach i Rannóg 13(c)(ii) thuas maidir le fógra a thabhairt do dhaoine faoi chruinnithe Bhoird a leanúint sa chás seo.

- (d) I gcás go bhfuil an Pátrún sásta tar éis fiosrúcháin chuí agus tar éis moladh a bheith faighte aige ón mBord gur theip ar aon chomhalta den Bhord gaol a nochtadh, ag aon tráth ábhartha, cuirfidh sé/sí an chomhalta sin as oifig de réir Alt 16 d'Acht Oideachais, 1998 agus ní cheapfaidh sé/sí an duine sin ina dhiaidh sin mar chomhalta d'aon Bhord Bainistíochta.
- (e) Má tharlaíonn sé go ndiúltaíonn comhalta den Bhord tarraingt siar as cruinniú, dá bhforáiltear sa rannóg seo, cuirfidh an Cathaoirleach an cruinniú ar atráth agus, má tharlaíonn sé go ndiúltaíonn an chomhalta céanna tarraingt siar as an gcrúinniú athchomórtha, tuairisceoidh an Cathaoirleach an cás i scríbhinn don Phátrún, a chuirfidh an chomhalta sin as oifig de réir Alt 16 d'Acht Oideachais, 1998 agus ní cheapfaidh sé/sí an duine sin ina dhiaidh sin mar chomhalta d'aon Bhord Bainistíochta.
- (f) Más mian le comhalta Boird ar seirbhís (nó lena g(h)nólacht nó c(h)uideachta) comhaontú/conradh gnó a dhéanamh leis an scoil ní mór don chomhalta Boird lena mbaineann
 - (i) a leas/a (h)intinn a dhearbhuí don Bhord láithreach agus éirí as an mBord agus
 - (ii) féachaint chuige nach mbeidh aon bhaint aige/aici in aon phlé, breithniú nó cinneadh maidir leis an gceist sin.

16. Comhfhreagras

- (a) Feidhmeoidh an Cathaoirleach mar chomhfhreagraí don Bhord leis an Roinn agus le gach grúpa eile. Féadfaidh an Cathaoirleach an Príomhoide a ainmniú le feidhmiú mar chomhfhreagraí má bhíonn sé/sí as láthair, nuair is gá. Níor cheart do dhuine ar bith seachas an Cathaoirleach, áfach, aon chomhfhreagras a oscailt a chuirtear chuig an gCathaoirleach agus ar léir é a bheith príobháideach agus faoi rún.
- (b) Ní dhéanfaidh aon chomhalta den Bhord uiríoll ná ní chuirfidh sé/sí faoi deara uiríoll a dhéanamh chuig an Aire nó chuig an Roinn maidir le gnó an Bhoird gan an cheist a bheith pléite ag cruinniú de chuid an Bhoird agus údarás a bheith faighte aige/aici ón mBord chun a leithéid a dhéanamh ar a shon.
- (c) Cinnteoidh an Cathaoirleach (nó an Príomhoide nuair a bhíonn sé ainmnithe má bhíonn an Cathaoirleach as láthair) gur cheart go mbeadh aon chomhfhreagras nó ráitis scríofa thar ceann an Bhoird ar pháipéar ceannteidil oifigiúil na scoile, nó nuair is cuí a bheith údaraithe trí úsáid stampa oifigiúil na scoile.

17. Rochtain ar an scoil

Forálann Ailt 13 agus 18 den Acht Oideachais, 1998 gur cheart rochtain iomlán ar scoileanna a bheith ag comhaltaí na Cigireachta agus ag oifigigh eile de chuid na Roinne atá bainteach le cigireacht a dhéanamh ar scoileanna. Ina theannta sin, forálann Rial 11 de na Rialacha le haghaidh Scoileanna Náisiúnta go bhféadfadh “an

tAire agus daoine a bheadh údaraithe aige/aici cuairt a thabhairt ar na scoileanna agus iad a scrúdú aon uair is cuí leo.” Beidh an ceart rochtana céanna ag an bPátrún agus ag a c(h)uid ionadaithe. Is féidir leis na hIontaobhaithe agus a gcuid ionadaithe cuairt a thabhairt ar an láthair scoile agus na foirgnimh, mar is cuí, am ar bith agus scrúdú a dhéanamh orthu.

18. Úsáid as áitreabh na scoile

Sa bhliain 2005 d’eisigh an Roinn Ciorclán Bunoidreachais 16/05: [LINK](#) chuig gach Bord Bainistíochta maidir le Roinnt Áiseanna Scoile leis an bPobal. Is é an aidhm a bhí leis an gCiorclán sin ná Iontaobhaithe agus Boird Bhainistíochta a ghríosú chun dianmhachnamh a dhéanamh ar a leithéid d’iarratais, más indéanta in aon chor. Agus na hIontaobhaithe mar aon leis na Boird á spreagadh chun an riachtanas seo a chur san áireamh go híogaireach, tuigeanann an Roinn go maith go bhfanfaidh an cinneadh sin i ndeireadh thiar leis an mBord nó leis na hIontaobhaithe cuí agus gurb é an chéad tosaíocht i gcónaí ná leas na scoile, na múinteoirí agus na ndaltaí.

Ba chóir do na Boird Bhainistíochta iad féin a chur ar an eolas maidir le hábhar an Chiorcláin sin atá le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie

Ba chóir a shonrú nach mór cead an Aire a bheith faighte roimh ré freisin chun áitreabh na scoile a úsáid le linn an lae scoile le haghaidh cuspóirí seachas gnó rialta scoile.

19. Airgeadas

(a) Caiteachas caipitil agus oibreacha

- (i) Ní thabharfaidh an Bord faoi aon athchóiriú, leathnú nó atógáil ar fhoirgneamh nó ar thailte na scoile mura mbeidh agus go dtí go mbeidh sé sin faofa i scríbhinn ag an bPátrún agus ag na hIontaobhaithe.
- (ii) Chomh maith leis na bhfaomhadh a cheanglaítear faoi **(i)** thuas, níor cheart dul i mbun caiteachais chaipitil, a mbeifear ag lorg cúnaimh deontais chuige, go dtí go bhfaighfear cead i scríbhinn roimh ré ón Roinn.
- (iii) Caithfidh Boird cloí leis na rialacháin reatha maidir le tógáil agus pleanáil agus le ceanglais reatha do sholáthar poiblí.
- (iv) Ní chuirfidh aon ní sa rannóg seo cosc ar an mBord dul i mbun mionoibreacha atá cuimsithe ag [Ciorclán 0141/2006](#) (“Scéim Deontais do Mhionoibreacha ar Shealúchais Scoileanna Náisiúnta”). Má táthar in amhras faoi léirmhíniú na dtéarmaí sa chiorclán sin, ba cheart don Bhord dul i gcomhairle leis an Aonad Tógála sa Roinn.
- (v) Feadfaidh an Pátrún an Cathaoirleach nó comhalta den Bhord a ainmniú le feidhmiú thar ceann an údarais scoile atá ag déileáil leis an Roinn maidir le costais chaipitiúla. Ní mór ainmniúchán mar sin a

dhéanamh i scríbhinn.

(b) Íocaíochtaí Deontas

Cuirtear sonraí maidir le maoiniú atá le heisiúint chuig scoileanna, ina mbíonn aon athruithe buiséid, ar láithreán gréasáin [na Roinne](#) gach bliain.

Ní mór maoiniú atá curtha ar fáil le haghaidh sainchuspóirí, ar nós trealamh TFC a cheannach nó chun cuidiú le tuismitheoirí le costais leabhar, a úsáid le haghaidh an chuspóra ar deonaíodh é agus é sin amháin.

Tá deontais in aghaidh an duine curtha ar fáil le costais ghinearálta reatha a chlúdach, chomh maith le seirbhísí airíochais agus rúnaíochta. De réir [Chiorclán 40/2009](#), féadfar amharc ar na deontais seo mar dheontas coitianta, a d'fhéadfadh an Bord Bainistíochta a leithdháileadh de réir a thosaíochtaí féin.

(c) Árachas

- (i) Tá sé de dhualgas ar an mBord Bainistíochta tríd is tríd (ainmnithe ag na hÍontaobhaithe) cumhdach cuimsitheach árachais a chur i bhfeidhm don scoil. I gcás scoileanna Caitliceacha tá sé mar dhualgas ar na hÍontaobhaithe i gcomhairle leis an mBord Bainistíochta árachas a chur ar shealúchas na scoile.
- (ii) Cinnteoidh an Bord go mbíonn árachais den sórt sin curtha i bhfeidhm agus coinnithe de réir mar is gá chun an scoil, an Bord agus na hÍontaobhaithe a chosaint in aghaidh gach dliteanais phoiblí agus in aghaidh iarmhairtí neamairt ag duine ar bith fostaithe ag an mBord nó seirbhíseach nó gníomhaí de chuid an Bhoird, nó in aghaidh fabht ar bith i bhfoirgnimh, in áitribh, i bhfearastú nó i dtrealamh na scoile a d'fhéadfadh caillteanas nó damáiste a dhéanamh de dhuine in áitreabh na scoile mar gheall air.
- (iii) Is é seo a leanas an seasamh maidir le scoileanna atá ag feidhmiú ó áitribh ar leis an Aire iad:

Léas, a dhéanfar a fhorghníomhú idir an tAire agus an Pátrún scoile ábhartha, táthar chun é a thabhairt isteach do scoileanna atá ag feidhmiú in áitribh ar leis an Aire iad. De réir théarmaí an Léasa sin, tá oibleagáid ar scoileanna árachais Dliteanas Phoiblí, Dliteanas Fostóra agus árachais inneachair a ghlacadh ach níl oibleagáid orthu cumhdach foirgneamh a bheith acu. Beidh foirgnimh, seachas inneachair agus na réimsí sin atá aitheanta go sonrach sa Léas, cumhdaithe ag slánaíocht Stáit.

Déanfar an léas a chur in áit ar bhonn céimnithe, ag tosú le scoileanna a chuaigh i mbun oibre le déanaí in áitribh ar leis an Aire iad. Ina dhiaidh sin, cuirfear na Léasanna i bhfeidhm i scoileanna atá ag obair cheana féin in áitribh ar leis an Aire iad. Tá sé i gceist na Léasanna a bheith i bhfeidhm i scoileanna den sórt sin a luaithe is indéanta.

Ní mór do Bhoird cloí leis na téarmaí agus coinníollacha uile atá sonraithe sa Léas a aontaíodh idir Pátrún na Scoile agus an tAire maidir

le húsáid an fhoirgnimh agus má eascraíonn éilimh ar bith toisc nár chuir an Bord na téarmaí agus coinníollacha sin i bhfeidhm, ní mór don Bhord Pátrún na Scoile a shlánú ó chaillteanas mar thoradh air agus ní mór don Bhord polasaí árachais a choinneáil ionas go mbeidh sé in ann sin a dhéanamh.

- (iv) Beidh na polasaithe ábhartha árachais ar fáil lena scrúdú ag páirtithe leasmhara.

(d) Cleachtas Cuntasaíochta

Beidh an méid a bheidh i gceist le córas cuí cuntasaíochta ag brath ar mhéid na scoile agus ar éagsúlacht a gníomhaíochtaí. Mar sin féin, [tá teimpléad ríomhairithe de chóras éifeachtach cuntasaíochta ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne](#). Iarrtar ar Bhoird Bhainistíochta smaoineamh ar an bpacáiste seo a úsáid le haghaidh córais chuntasaíochta.

Is féidir le Boird leas a bhaint freisin as córais bhaincéireachta ar líne ach ní mór don Bhord, áfach, a bheith sásta go bhfuil rialuithe inmheánacha cearta i bhfeidhm chun seirbhísí baincéireachta a úsáid ar líne agus go gcoimeádtar tuairisc ar gach gnáthchuntas cóir i leith gach idirbhirt (Féach tagairt do [Rannóg 12](#)).

- (i) Ní foláir gach uile caiteachas ag an mBord nó thar ceann an Bhoird a bheith faofa ag an mBord. Ní foláir cuntas agus taifid a choinneáil de réir Alt 18 den Acht Oideachais, 1998.
- (ii) Ullmhófar cuntas iomlán ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird ag deireadh gach scoilbhliana a bheidh iniúchta nó deimhnithe i gceart de réir an chleachtais cuntasaíochta is fearr. Ba cheart an cuntas seo a chur ar fáil lena scrúdú do phobal na scoile, lena n-áirítear tuismitheoirí, an Pátrún, na hIontaobhaithe agus an tAire. Ba cheart go n-ionchorprófaí sa chuntas seo sonraí gach cuntas a d'fhéadfadh a bheith coinnithe go leithleach ag an mBord de réir théarmaí scéimeanna deontais faoi leith.
- (iii) Cuirfear cóipeanna den chuntas seo, dá dtagraítear ag (ii) thuas, faoi bhráid chomhaltaí an Bhoird agus coinneofar cóip den chuntas seo mar chuid de mhiontuairiscí an Bhoird Bhainistíochta.
- (iv) Beidh cuntais na scoile ar fáil freisin le haghaidh iniúcháireachta ag oifigigh na Roinne agus ag oifigigh Oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste má iarrtar é.
- (v) Ní mór do gach idirbheart ó chuntais na scoile a bheith sínithe ag an gCathaoirleach **agus** ag an gCisteoir. Féadfaidh, áfach, an Cathaoirleach comhalta Boird a ainmniú le feidhmiú mar shínitheoir ina (h)éagmais mar atá léirithe ag **12(c)** thuas.

(e) Buiséadú

- (i) Ba cheart do Bhoird Bhainistíochta buiséadú ar bhealach a chuirfidh ar

a gcumas oibleagáidí a chomhlíonadh a d'fhéadfadh a bheith substaintiúil agus nach dtagann chun cinn ach go tréimhsiúil.

- (ii) Níor cheart go rachadh caiteachas Bord thar a n-ioncam bliantúil.
- (iii) Ní foláir rótharraingt nó cineálacha eile fiacha nó farasbairr chaiteachais thar ioncam a bheith faofa ag an bPátrún, chomh maith leis na hIontaobhaithe nuair is gá, agus ba cheart iad a sheachaint ach amháin ar feadh tréimhse teoranta agus nuair a bheidh an Bord sásta go mbeidh an Bord in ann an rótharraingt nó na fiach a ghlanadh.
- (iv) Ag tús na bliana airgeadais, ceapfaidh agus glacfaidh an Bord le buiséad don bhliain.
- (v) Ba cheart go mbeadh soláthar in áireamh sa bhuiséad sin le haghaidh gach uile mír ábhartha chaiteachais mar árachas, riachtanais seomra ranga a cheannach, costais chothabhála srl
- (vi) Féadfaidh go gcuirfidh an Bord Bainistíochta fochoiste airgeadais ar bun a fheidhmeoidh faoi údarás an Bhoird.
- (vii) Tá Cumann Tuismitheoirí i dteideal cistí a bhailiú le haghaidh cúrsaí riaracháin agus gníomhaíochtaí an chumainn. Rachaidh siad i gcomhairle leis an mBord maidir le hairgead a thiomsú don scoil nó le haghaidh tionscadal scoile. Beidh formheas an Bhoird ag teastáil sula mbailítear na cistí seo. Beidh an Bord Bainistíochta, i gcomhairle leis an gCumann Tuismitheoirí, freagrach as na cistí seo a chaitheamh. Ba cheart gach airgead atá tiomsaithe nó atá ginte le haghaidh tionscadail chomhaontaithe le haghaidh na scoile a lóisteáil, a luaithe is indéanta, i gcuntas na scoile. Ní mór aon chistí a bhailítear a úsáid chun na críche (i) ar bailíodh an t-airgead. Má tharlaíonn sé, i gcúinsí eisceachtúla, nach gá don Bhord na cistí uile a bailíodh a úsáid le haghaidh an chuspóra a sonraíodh, cuirfidh an Bord é sin in iúl don Chumann Tuismitheoirí agus nuair is cuí, don phobal áitiúil. I gcás ar bith ní mór na cistí a úsáid le haghaidh na scoile. Cinnfidh an Bord i gcomhairle le coiste an Chumainn Tuismitheoirí an t-athrú cuspóra a mbainfear úsáid as na cistí ina leith.

20. Nósanna imeachta maidir le múinteoirí/ cúntóirí Riachtanas speisialta a cheapadh (CRSanna)

Tá nósanna imeachta maidir le múinteoirí a cheapadh leagtha amach in [Aguisín D.](#)

Tá nósanna imeachta maidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta a cheapadh leagtha amach in [Aguisín E.](#)

21. Ceapachán gach fostaí de chuid an Bhoird Bhainistíochta

Cuirtear i gcuimhne don Bhord go bhfuil sé de dhualgas air cloí le reachtaíocht reatha agus le ciorcláin uile na Roinne a bhfuil feidhm reatha leo i gcás ceapachán agus ceadú an Phátrúin a fháil roimh ré maidir le gach múinteoir (lena n-áirítear

Príomhoidí) agus maidir le gach Cúntóir Riachtanas Speisialta a cheaptar.

Gné riachtanach de chleachtas cosanta leanaí is ea nósanna imeachta earcaíochta atá críochnúil. Ní mór don Bhord a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais na Roinne (atá léirithe faoi láthair i [gCiorclán 0063/2010](#)) maidir le Grinnfhiosrúchán na nGardaí agus maidir le dearbhú reachtúil um chosaint leanaí a sholáthar agus foirm ghaolmhar ghealltanais ó dhaoine atá á gceapadh i bpoist mhúinteoireachta agus neamh-mhúinteoireachta. Cuirfear scoileanna ar aon eolas trí imlitir faoi aon athruithe a dhéanfar ar na ceanglais sin amach anseo.

22. Foirm um athrú foirne

Tá foirm um athrú foirne ann anois in áit an tuairisceáin scoile a eisítear go bliantúil chuig gach scoil maidir le múinteoirí a íoctar trí phárolla na Roinne.

Eisítear foirm um athrú foirne faoi leith freisin maidir le foireann neamh-mhúinteoireachta a íoctar trí phárolla na Roinne.

Déanfar athruithe ar bith maidir le stádas an fhostaí sa scoil a thaifeadadh ar an bhfoirm iomchuí agus cuirfear ar ais í laistigh den tréimhse ama atá leagtha síos ag an Roinn.

Is gá gach foirm a chomhlánú ina hiomláine, imscrúdú agus seiceáil a bheith déanta orthu ag an gCathaoirleach, iad a bheith sínithe ag an bPríomhoide/gCathaoirleach agus iad curtha ar ais laistigh den tréimhse ama sonraithe lena chinntiú go n-íoctar fostaithe na scoile mar is ceart.

23. Córas Éilimh Ar Líne (CEAL)

Tugadh CEAL isteach ionas go mbeadh sé ar chumas scoileanna sonraí saoire le haghaidh múinteoirí agus cúntóirí riachtanas speisialta a chur isteach agus go mbeifí in ann éilimh a dhéanamh le haghaidh an ionadaí iomchuí. Déantar córais phárolla agus phearsanra na Roinne a nuashonrú tríd na sonraí a chuireann na scoileanna isteach, nuair a bhíonn siad bailíochtaithe, agus eisítear íocaíocht go díreach chuig an múinteoir/CRS.

Tá Boird Bhainistíochta freagrach as neamhláithreacht múinteoirí agus CRS a thaifeadadh ar an gcóras. Ba cheart do Bhord a chinntiú go ndéantar gach neamhláithreacht, inionadaithe nó neamh-inionadaithe, a thaifeadadh ar an CEAL. Éilíonn an Roinn go ndéantar neamhláithreachtaí saoire a thaifeadadh lena chinntiú go n-íoctar gach ball foirne mar is ceart agus go bhfuil stair seirbhíse duine mar is ceart. Ba cheart do scoileanna taifid saoire a thaifeadadh de réir mar a tharlaíonn siad agus ní mór iad a chur isteach de réir an dáta.

Ba cheart do Bhoird a chinntiú go ndéantar doiciméadúchán tacaíochta maidir le comhlánú sonraí CEAL a choinneáil go go daingean .i. teastais dochtúra, freastal ar chúrsaí inseirbhíse/inghairme, saoire thuismitheoirí agus saoire chúramóra.

Tá dualgas ar Bhoird Bhainistíochta a chinntiú go mbíonn iomláine agus sábháilteacht an chórais CEAL coinnithe an t-am ar fad. Chun iomláine an chórais CEAL a choinneáil, ní mór do na Boird Bhainistíochta a chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm

gnéithe riachtanacha rialaithe agus slándála. Moltar do Bhoird Bhainistíochta nár cheart in imthosca ar bith don duine céanna i scoil tabhairt faoin ról chun sonraí a chur isteach agus na sonraí sin a fhormheas. Ba cheart don duine atá freagrach as sonraí a chur isteach agus don fhormheastóir a chinntiú go bhfuil na sonraí maidir le baill foirne curtha isteach mar is ceart ar an gcóras. Ní mór don duine atá ainmnithe le sonraí a chur isteach ar an gcóras agus d'fhormheastóir shonraí an chórais a bpassfhocail agus faisnéis ar bith eile a choinneáil sábháilte an t-am ar fad agus níor cheart dóibh iad a thabhairt do bhaill eile foirne.

Ba cheart go mbeadh Boird Bhainistíochta ar an eolas freisin go bhfuil saoráid ar an CEAL le tuairiscí a chur amach faoi gach neamhláithreacht arna nglacadh ag múinteoirí agus an CRS laistigh de thréimhse ama sainithe.

Féadtar na tuairiscí sin a dhéanamh ar leibhéal scoile agus ba cheart iad a sholáthar don Bhord ar bhonn rialta, nó i gcás ina n-iarrann an Bord é, agus aird cuí á tabhairt ar rúndacht aon fhaisnéise pearsanta de chuid na mball foirne. Ba cheart cóipeanna a chur ar aghaidh chuig na baill foirne lena mbaineann freisin.

Aguisín A

Nós imeachta maidir le duine a ainmniú/a thoghadh a ainmneofar don Phátrún lena cheapadh mar ainmnitheach na múinteoirí

1. Ba cheart cruinniú foirne a thionól chun múinteoir a roghnú a ainmneofar don Phátrún lena c(h)eadadh mar ainmnitheach na múinteoirí ar an mBord Bainistíochta. Tabharfar fógra deich lá, ar a laghad, faoin gcruinniú sin do gach duine a bheidh i dteideal vótáil ag an gcruinniú sin.
2. Ag an gcruinniú iarrfar ainmniúcháin ó mhúinteoirí ar seirbhís, an Príomhoide san áireamh, a bhfuil vóta aici / aige freisin. Chun na críche sin, glacfar leis go gciallaíonn múinteoir ar seirbhís múinteoir atá ag fónamh i scoil i gcáil bhuan nó i gcáil téarma shocraithe ina bhfuil an téarma ceapacháin sé mhí ar fhad nó níos faide.
3. Níl na múinteoirí seo a leanas i dteideal ainmniúcháin a dhéanamh, i dteideal vóta a chaitheamh, ná i dteideal a bheith ainmnithe:
 - (a) múinteoirí (lena n-áirítear ionadaithe) a bhfuil téarma ceapacháin níos lú ná sé mhí acu*;
 - (b) múinteoirí ar sosanna gairme;
 - (c) múinteoirí ar iasacht;
 - (d) múinteoirí ar seirbhís thar lear.

* Is féidir a mheas gur múinteoir ar seirbhís é múinteoir den sórt sin, áfach, i gcúinsí nuair nach bhféadfar aon mhúinteoir ar seirbhís (seachas an Príomhoide nó an Príomhoide Gníomhach) a ainmniú nó a thoghadh chun an Bhoird.

4. Ní mór cuidiú a bheith ag gach ainmniúchán.
5. Más rud é nach bhfuil ach aon ainmniúchán amháin, measfar an duine a ainmníodh a bheith tofa.
6. Más rud é go bhfuil níos mó ná aon ainmniúchán amháin, tionólfar rúnbhallóid ag an gcruinniú agus sa chás sin ceapfar beirt áiritheoirí.
7. Déanfar an vóta a chomhaireamh go poiblí ag an gcruinniú agus cuirfear toradh na ballóide in iúl don fhoireann agus d'ionadaí an Phátrúin.
8. I gcás comhionannas vótaí idir na hainmníthigh, cuirfear ar crann é chun ainmnitheach na múinteoirí a chinneadh.
9. I gcás scoil dhá-oide, is é an Múinteoir Ranga sa ghnáthchúrsa a bheidh mar ainmnitheach na múinteoirí, mura bhfuil an scoil mar scoil bhunáite ag múinteoir acmhainne nó múinteoir tacaíochta foghlama agus sa chás sin beidh feidhm ag an nós imeachta atá leagtha amach ag 1 – 8 thuas.
10. Maidir leis an mbeirt mhúinteoirí ar Bhoird Bhainistíochta Scoileanna Clochair agus Mainistreach, is é a bheidh i gceist ná sa chás gur Cléireach é an Príomhoide is tuata a bheidh sa chomhalta múinteora tofa agus más tuata a bheidh sa Phríomhoide, moltar gur Cléireach a bheidh sa chomhalta múinteora tofa.
11. Úsáidfear an nós imeachta atá leagtha síos ag 1 – 9, thuas, chun folúntas ainmnitheach múinteora ar bith a líonadh.

Aguisín B

Nós imeachta maidir le tuismitheoir(i) a ainmniú/a thoghadh lena gceapadh ag an bPátrún mar ainmnitheach/ainmnithigh na dtuismitheoirí ar an mBord.

Ba chóir an nós imeachta sin a úsáid chun ainmnitheach /ainmnithigh tuismitheoirí a roghnú den chéad uair agus i gcás fothoghchán ar bith a thionólfar tar éis dul i gcomhairle leis an gcumann tuismitheoirí.

Cinnfear modh toghcháin d'ainmnithigh tuismitheoirí i gcomhairle le hainmnithigh na dtuismitheoirí ar an mBord atá ag imeacht as oifig agus aon chumann tuismitheoirí sa scoil.

D'fhéadfadh feidhm a bheith ag rogha de dhá nós imeachta. Tá siad leagtha síos i roghanna 1 agus 2. Ní féidir ach ceann amháin de na roghanna a chur i bhfeidhm. Ní mór an rogha a roghnaítear a leanúint ina hiomláine. Ag deireadh an phróisis cuirfidh ionadaí an Phátrúin in iúl don Phátrún an rogha ar baineadh úsáid as agus deimhneoidh gur cloíodh go hiomlán leis na nósanna imeachta faoin rogha a roghnaíodh.

D'fhonn a áirithiú go mbeidh an ionadaíocht is leithne agus is féidir, ba cheart nuair is indéanta sin,

- *go mbeadh an bheirt thuismitheoirí ó theaghlach ar leith agus gan gaol ar bith a bheith acu le comhaltaí eile an Bhoird agus a bheith tofa ag an gcomhlacht ginearálta de thuismitheoirí na leanaí atá cláraithe sa scoil.*
- *nach ndéanfar tuismitheoirí leanaí atá cláraithe sa scoil a ainmniú nó a thoghadh chun an Bhoird seachas de réir Rannóg 3 (a) (ii) nó 3(b) (iii).*

Folúntais i measc ainmnithigh na dtuismitheoirí

I gcás folúntais i measc ainmnithigh na dtuismitheoirí, féadfaidh an Bord Bainistíochta, tar éis dul i gcomhairle leis an gcumann tuismitheoirí, moladh a dhéanamh don Phátrún

- (i) an chéad duine eile, as na daoine nár toghadh chun an Bhoird i dtús báire, ag a bhfuil an líon is airde vótaí a chomhthoghadh chun an folúntas a líonadh, é sin nó
- (ii) féadfaidh an Bord Bainistíochta moladh a dhéanamh fothoghchán a reáchtáil chun áit ainmnitheach na dtuismitheoirí a líonadh.

Achtanna um Chosaint Sonraí

Agus mionsonraí na n-ainmnitheach a mholtar lena gceapadh mar ainmnithigh tuismitheoirí ar an mbord á scaipeadh, ba chóir d'ainmní an Phátrúin agus don Chumann Tuismitheoirí a bheith aireach maidir lena gcuid dualgas ag éirí as an Acht um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003 agus an gá atá ann na hAchtanna a chomhlíonadh go hiomlán i ndáil le bailiúchán, úsáid agus nochtadh sonraí pearsanta arna bpróiseáil. De bhrí go bhfuil an scoil ar leith, an institiúid nó an lucht oideachais freagrach as léiriú agus as urramú na nAchtanna, ba chóir iad uile a bheith eolach go hiomlán ar fhorálacha na nAchtanna. Ba cheart a thabhairt ar aird nach ceadmhach ainmneacha na dtuismitheoirí a scaipeadh gan toiliú a fháil roimh ré - Féach Rogha 2 (1).

Rinneadh na hAchtanna a chumadh chun príobháideachas daoine aonair a chosaint maidir le sonraí pearsanta agus chun éifeacht a thabhairt sa tír seo do Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun Daoine Aonair a Chosaint maidir le Sonraí Pearsanta a Phróiseáil go hUathoibríoch (1981).

Aguisín B (ar lean)

Rogha 1

1. Déanfaidh ionadaí an Phátrúin socrú le haghaidh cruinnithe tuismitheoirí leanaí atá cláraithe sa scoil. Tabharfar fógra deich lá, ar a laghad, faoin gcruinniú sin do gach duine a bheidh i dteideal vótáil ag an gcruinniú sin. Déanfaidh an fógra seo
 - (a) a chur in iúl go lorgófar ainmniúcháin ó thuismitheoirí le haghaidh daoine a rithfidh i dtoghchán d'ainmnithigh tuismitheoirí ar an mBord
 - (b) a shoiléiriú cibé acu a mbeidh ballóid ag an gcruinniú le hainmnithigh a thoghadh nó an reáchtálfar an bhallóid ina dhiaidh sin mar bhallóid phoist
 - (c) más rud é gur ballóid phoist a bheidh i gceist, an dáta is déanaí le páipéir bhallóide a bheith ar ais agus an dáta, am agus áit a gcomhairfear na vótaí go poiblí a chur in iúl.
2. Ag an gcruinniú ba cheart ainmniúcháin a lorg do phainéal máithreacha agus painéal aithreacha.
3. Mura bhfuil ach aon ainmnitheach amháin do cheachtar painéal, measfar an t-ainmnitheach/ na hainmnithigh a bheith tofa.
4. Má fhaightear níos mó ná ainmniúchán amháin do cheachtar painéal, tionólfar rúnbhallóid ag an gcruinniú nó ina dhiaidh sin. Ceapfar beirt áiritheoirí agus is féidir le duine acu gníomhú mar Cheann Comhairimh i gcás ballóide poist.
5. I gcás ballóide poist, ní foláir an vótáil a bheith dúnta agus na vótaí a bheith caite laistigh de dheich lá den chruinniú.
6. Beidh vóta neamhaistrithe amháin do gach painéal ag gach duine a bheidh ag vótáil.
7. Déanfar na vótaí a chomhaireamh go poiblí.
8. Déanfar an toghchán a chinneadh ar iolrach vótaí (.i. córas an chéad duine abhaile).
9. I gcás comhionannas vótaí idir na hainmnithigh, cuirfear ar crann é chun an t-ainmnitheach / na hainmnithigh a chinneadh. Mar sin féin, i gcás ina ndearnadh an bhallóid ag cruinniú agus ina n-aontóidh tromlach na vótálaithe atá i láthair agus a bheidh ag vótáil inti, toghfar an t-ainmnitheach/na hainmnithigh trí vótáil arís ag an gcruinniú sin. Ní féidir ach na na hainmnithigh chomhionanna a thoghadh i vótáil den chineál sin.
10. Cuirfear toradh na ballóide in iúl do na tuismitheoirí agus d'ionadaí an Phátrúin.
11. Féadfar na tuairisceáin vótála ón mballóid a choinneáil chun folúntais, a tharlóidh i saolré an Bhoird, a líonadh trí chomhthoghadh sa chás go ndéanfaí cinneadh, tar éis dul i gcomhairle leis an gcumann tuismitheoirí, gan fothoghchán, ná fothoghchán breise a reáchtáil de réir mar is cuí.
12. I ndiaidh dheireadh an phróisis thuas cuirfidh ionadaí an Phátrúin in iúl don Phátrún gur roghnaíodh ainmnithigh na dtuismitheoirí de réir Rogha 1 thuas agus deimhneoidh gur cloíodh go hiomlán leis na nósanna imeachta faoi Rogha 1.

Aguisín B (ar lean)

Rogha 2

1. Déanfaidh ionadaí an Phátrúin socrú chun liosta d'ainmneacha tuismitheoirí na leanaí ar fad sa scoil a scaipeadh ar gach teaghlach ag lorg ó thuismitheoirí agus caomhnóirí ainmnithe iarrthóirí le toghadh ar an mBord Bainistíochta. Ba chóir go mbeadh ainmneacha na dtuismitheoirí ar an liosta ceangailte leis na ranganna ar a bhfuil a gcuid leanaí ag freastal. Cuireann ceanglais an Achta um Chosaint Sonraí, 1988 in iúl, áfach, nach mór d'ionadaí an Phátrúin cead a fháil a leithéid d'fhaisnéis phearsanta a scaipeadh.
2. Féadfaidh gach tuismitheoir ainmniúchán amháin a dhéanamh do phainéal na n-aithreacha agus ceann do phainéal na máithreacha agus cuirfear ar aghaidh iad chuig ionadaí an Phátrúin ionas go bhféadfar liosta a chur le chéile den deichniúr a fuair an líon is airde ainmniúchán do gach painéal. I gcás comhionannas vótaí le haghaidh an deichiú háit, féadfar an líon seo a mhéadú faoin méid iomchuí le freastal a dhéanamh orthu siúd a bhfuil comhionannas vótaí acu sa deichiú háit.
3. Agus cuireadh á thabhairt do thuismitheoirí ainmniúcháin a chur isteach, iarrfar ar thuismitheoirí a chinntiú go bhfuil an duine / na daoine atá ainmnithe sásta seasamh sa toghchán.
4. Mura bhfuil ach aon ainmnitheach amháin do cheachtar painéal, measfar an t-ainmnitheach/ na hainmnithigh a bheith tofa.
5. Má fhaightear níos mó ná aon ainmniúchán amháin do cheachtar de na painéil, tionólfar rúnbhallóid agus féadfaidh tuismitheoirí vótáil do na hainmnithigh sin a dheimhnigh go bhfuil siad sásta a bheith ina gcomhaltaí den Bhord.
6. Ba cheart iad sin a ghlacann le hainmniúchán a spreagadh chun cuntas gearr pearsanta a chur ar fáil le cur ar an bpáipéir ballóide. D'fhéadfadh seoladh agus uimhir theileafóin a bheith san áireamh. Ceanglaítear leis an Acht um Chosaint Sonraí, 1988 in iúl, áfach, nach mór d'ionadaí an Phátrúin cead a lorg uathu siúd, a ghlacann le hainmniúchán, faisnéis phearsanta den sórt sin a scaipeadh.
7. Ba cheart páipéir bhallóide ar leith a úsáid do thoghchán máthar agus athar. Beidh vóta neamhaistrithe amháin do gach painéal ag gach duine a bheidh ag vótáil. Ba cheart socrúithe a dhéanamh le páipéir bhallóide a scaipeadh orthu sin atá i dteideal vótála agus iad a bhailiú uathu agus le duine creidiúnach a ainmniú mar Cheann Comhairimh. Ba cheart go gcuirfeadh an fógra ballóide dáta, am agus áit do chomhaireamh na ballóide in iúl, freisin.
8. Déanfar na vótaí a chomhaireamh go poiblí.
 - (a) Déanfar an toghchán a chinneadh ar iolrach vótaí (.i. córas an chéad duine abhaile) agus cuirfear toradh na ballóide in iúl do na tuismitheoirí agus d'ionadaí an Phátrúin. I gcás comhionannas vótaí idir na hainmnithigh, cuirfear ar crann é chun an t-ainmnitheach/na hainmnithigh a chinneadh.
 - (b) Féadfar na tuairisceáin vótála ón mballóid a choinneáil chun folúntais, a tharlóidh i saolré an Bhoird, a líonadh trí chomhthoghadh sa chás go ndéanfaí cinneadh, tar éis dul i gcomhairle leis an gcumann tuismitheoirí, gan fothoghchán, ná fothoghchán breise a reáchtáil de réir mar is cuí.
9. I ndiaidh dheireadh an phróisis thuas, cuirfidh ionadaí an Phátrúin in iúl don Phátrún gur roghnaíodh ainmnithigh na dtuismitheoirí de réir Rogha 2 thuas agus deimhneoidh sé/sí gur cloíodh go hiomlán leis na nósanna imeachta faoi Rogha 2.

Aguisín C

(Beidh feidhm ag an bpróiseas seo, *mutatis mutandis*, chun comhalta sa bhreis a roghnú i gcás Bord scoileanna aon-oide.)

Nós imeachta maidir le beirt as an bpobal a roghnú lena gceapadh chun an Bhoird.

1. Tionólfaidh ionadaí an Phátrúin cruinniú den bheirt ainmnitheach atá ag an bPátrún, an bheirt ainmnitheach tuismitheoirí tofa, ionadaí tofa na múinteoirí agus an Príomhoide.
2. Tionólfar an cruinniú sin laistigh de sheacht lá de na próisis toghcháin atá leagtha síos in **Aguisíní A agus B** a bheith críochnaithe.
3. Ag an gcruinniú sin, tar éis dóibh riachtanais scile an Bhoird do bhainistíocht éifeachtach na scoile a phlé, de réir na gcritéar atá leagtha síos ag 4 thíos, molfaidh na comhaltaí beirt chomhaltaí sa bhreis ón bpobal trí chéile, a bheith comhaontaithe eatarthu, le ceapadh ag an bPátrún. D'fhonn a chinntiú go mbeidh an ionadaíocht is leithne agus is féidir, ba cheart nuair is indéanta, don bheirt chomhaltaí roghnaithe as an bpobal a bheith neamhspleách ar na haicmí eile daoine ar an mBord [Féach Rannóg 3(a) nó 3(b) den doiciméad seo].

Déanfar gach iarracht teacht ar chomhaontú d'aon ghuth. Má bhíonn deacrachtaí ag na comhaltaí, áfach, maidir leis seo, is féidir tuilleadh cruinnithe a thionól chun an próiseas a éascú. Meastar gur leor trí cinn, ar a mhéad, de na cruinnithe sin.

Sa chás nach féidir teacht ar chomhaontú d'aon ghuth tar éis trí cinn de chruinnithe, déanfaidh tromlach 5 le 1 de na comhaltaí beirt chomhaltaí sa bhreis ón bpobal i gcoitinne a mholadh don Phátrún le ceapadh. Cuirfear deireadh leis an bplé sin, na trí cinn a bheidh molta san áireamh, laistigh de deich lá. Bheadh sé fóirsteanach ag na comhaltaí na daoine eile sin a shainaithint a bhféadfaí ceist a chur orthu sa chás gur dhiúltaigh na daoine ar cuireadh ceist orthu ar dtús don chuireadh. Ba chóir do na comhaltaí cinneadh a dhéanamh faoin ord ina rachfar i dteagmháil leis na daoine a roghnaíodh.

Féadfar an tréimhse chun aontú ar roghnú beirt chomhaltaí sa bhreis a shíneadh thar deich lá go huasteorainn glan de sheacht lá dhéag ach é sin amháin más rud é go ndiúltaíonn an bheirt a roghnaíodh i dtús báire.

Má theipeann ar thromlach na gcomhaltaí beirt chomhaltaí sa bhreis a ainmniú, mar atá léirithe thuas, ceapfaidh an Pátrún beirt chomhaltaí ó na daoine a bhí i gceist ag an mBord le haghaidh ainmniúcháin.

4. Is iad seo a leanas na critéir a bheidh i bhfeidhm agus daoine ón bpobal á roghnú le gníomhú mar chomhaltaí an Bhoird ná:
 - (a) Beidh scileanna ag daoine a ainmnítear a chuireann le riachtanais scile an Bhoird.
 - (b) Ainmneofar daoine agus aird ar chothromaíocht inscne a bheith ar an mBord.

- (c) Beidh spéis ag an daoine a ainmneofar i gcúrsaí oideachais agus ina chur chun cinn ach ní hiondúil go mbeadh tuismitheoirí na ndaltaí atá ag freastal ar an scoil i gceist.
- (d) **I dteannta le (a), (b) agus (c), cuirfear na critéir seo a leanas i bhfeidhm mar is iomchuí:**

I gcás bunscoileanna Caitliceacha Rómhánacha

- (i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar d'éiteas na scoile agus don phobal/pharóiste ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh tuiscint acu agus tiomantas acu d'oideachas Caitliceach mar a bhfuil cur síos air sa Ghníomhas Iontaobhais do Scoileanna Caitliceacha na hÉireann.
- (ii) I gcás Gaelscoileanna Rómhánacha Caitliceacha/scoileanna Gaeltachta, beidh tuiscint ag daoine a ainmneofar agus tiomantas acu d'éiteas na scoile. Beifear ag súil, freisin, go mbeidh eolas maith ar an nGaeilge acu sin a ainmneofar.

I gcás bunscoileanna Eaglais na hÉireann

- (i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar d'éiteas na scoile agus don phobal/pharóiste ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh siad ina mbaill d'Eaglais na hÉireann, mar atá cinntithe ag Eaglais na hÉireann, in ainneoin go bhfuil sé faoi rogha an Phátrúin cinneadh eile a ghlacadh.

I gcás bunscoileanna Preispitéireacha

- (i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar d'éiteas na scoile agus don phobal/pharóiste ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh siad ina mbaill den Eaglais Phreispitéireach, in ainneoin go bhfuil sé faoi rogha an Phátrúin cinneadh eile a ghlacadh.

I gcás bunscoileanna Meitidisteacha

- (i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar d'éiteas na scoile agus don phobal/pharóiste ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh siad ina mbaill den Eaglais Mheitidisteach, in ainneoin go bhfuil sé faoi rogha an Phátrúin cinneadh eile a ghlacadh.

I gcás Scoileanna Ag Foghlaim le Chéile

- (i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar ón bpobal a ndéanann an scoil freastal air d'éiteas na scoile.

I gcás Gaelscoileanna faoi phátrúnacht Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna Lán Ghaeilge

- (i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar ón bpobal a ndéanann an scoil freastal air d'éiteas na scoile agus tuiscint acu air dá réir. Beifear ag súil freisin go mbeidh eolas maith ar an nGaeilge acu sin a

ainmneofar.

I gcás bunscoileanna Moslamacha

- (i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar d'éiteas na scoile agus don phobal/pharóiste ar a bhfuil an scoil ag freastal agus beidh tuiscint acu agus tiomantas acu d'oideachas Ioslamach mar a bhfuil cur síos air sa Ghníomhas Iontaobhais do Scoileanna Moslamacha. Beidh siad ina mbaill den phobal Moslamach in Éirinn de réir mar atá cinntithe ag Fondúireacht Ioslamach na hÉireann atá mar chomhlacht ionadaíoch tofa go daonlathach na Moslamach in Éirinn, in ainneoin go bhfuil sé faoi rogha an Phátrúin cinneadh eile a dhéanamh.

I gcás gach scoile eile

- (i) Beidh tiomantas ag na daoine a ainmneofar ón bpobal a ndéanann an scoil freastal air d'éiteas na scoile.

5. Bunóidh ionadaí an Phátrúin láithreach toil na n-ainmnitheach chun gníomhú.
6. Nuair a bheidh na hainmnithigh roghnaithe agus é deimhnithe go bhfuil siad sásta gníomhú mar chomhaltaí, cuirfidh ionadaí an Phátrúin ainmneacha na n-ainmnitheach atá aontaithe chuig an bPátrún le ceapadh in éineacht le hainmneacha na ndaoine eile a ainmníodh le bheith ar an mBord. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach faide ná deich lá an fhadtréimhse iomlán atá curtha ar fáil le comhdhéanamh an Bhoird a chur in iúl don Phátrún, glacadh an Phátrúin leis agus a chur in iúl don Aire.
7. I gcás folúntais, ba cheart don Bhord ainm a mholadh don Phátrún le ceapadh ag baint feidhme as na critéir ag 4, thuas, laistigh de mhí amháin ó tháinig an folúntas chun cinn.

Nósanna Imeachta maidir le Múinteoirí agus Príomhoidí a Cheapadh

Cumadh na nósanna imeachta a léirítear san aguisín seo chun nósanna imeachta córa agus cothroma a sholáthar le haghaidh iarrthóirí a cheapadh agus tá sé de dhualgas ar an mBord Bainistíochta cloí leo.

Rinneadh na nósanna imeachta sin a údarú le Reacht agus comhaontaíodh iad idir na páirtithe atá sainaitheanta faoin Acht Oideachais, 1998, .i. an Pátrún/na hIontaobhaithe, na húdaráis bhainistíochta, ionadaithe na múinteoirí, ionadaithe na dtuismitheoirí agus an Roinn Oideachais agus Scileanna.

Moltar do Bhoird Bhainistíochta féachaint ar láithreán gréasáin na Roinne Oideachais agus Scileanna chun na rialacháin agus an fhaisnéis is nuashonraithe a fháil.

Measfar go gciallaíonn aon tagairt do “laethanta” in Aguisín D laethanta féilire mura léirítear a mhalairt.

1. Ról an Bhoird Bhainistíochta

1.1. Foráiltear mar seo a leanas in Alt 24 (1) – (4) den Acht Oideachais:-

24.—(1) Faoi réir an ailt seo, féadfaidh bord cibé daoine agus cibé líon daoine a cheapadh mar mhúinteoirí agus mar fhoireann eile scoile a mheasfaidh an bord ó am go ham is gá chun a chumhachtaí agus a fheidhmeanna faoin Acht seo a chomhlíonadh.

(2) Beidh líon agus cáilíochtaí múinteoirí agus foirne eile scoile, a bheidh le híoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, faoi réir cheadú an Aire le comhthoiliú an Aire Airgeadais.

(3) Ceapfaidh bord múinteoirí agus foireann eile, a bheidh le híoc as airgead a sholáthróidh an tOireachtas, agus féadfaidh sé na múinteoirí agus an fhoireann sin a chur ar fionraí nó a dhífhostú, de réir nósanna imeachta a bheidh comhaontaithe ó am go ham idir an tAire, an pátrún, eagraíochtaí aitheanta bainistíochta scoile agus aon cheardchumann aitheanta agus comhlachas foirne atá ionadaitheach do mhúinteoirí nó d'fhoireann eile, de réir mar is cuí.

(4) Maidir leis na nósanna imeachta a bhí, díreach roimh thosach feidhme an ailt seo, á gcur i bhfeidhm i ndáil le múinteoirí nó foireann eile a cheapadh, a chur ar fionraí agus a dhífhostú, leanfar de bheith á gcur i bhfeidhm tar éis an tosach feidhme sin go dtí go gcomhaontófar nósanna imeachta dá bhforáiltear i bhfo-alt (3).

1.2. Féadfar rochtain a fháil ar nósanna imeachta comhaontaithe faoi Alt 24(3) den Acht Oideachais ar láithreán gréasáin na Roinne ag www.education.ie

1.3. De réir Alt 15 den Acht Oideachais 1998 bainistíonn an Bord Bainistíochta an scoil ar son an Phatrúin. Déanfaidh an Bord Bainistíochta na múinteoirí uile sa scoil a

cheapadh de réir na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta agus Chiorcláin reatha na Roinne agus tá siad faoi réir údarú roimh ré ón bPátrún.

1.4. Cuirtear an méid seo a leanas i gcuimhne do Bhoird:-

- 1.4.1. na forálacha faoin Acht Oideachais 1998 agus faoin Reachtaíocht Fhostaíochta lena n-áirítear an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocráithe) 2003; an tAcht um Chosaint Fostaithe (Obair Pháirtaimseartha), 2001 agus na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2008 (lena n-áirítear Alt 37 maidir le héiteas reiligiúnach a chothú).
- 1.4.2. na riachtanais atá leagtha amach sna Rialacha do Scoileanna Náisiúnta agus i gchiorcláin na Roinne maidir le painéil Deoise agus painéil ath-implonaithe faofa eile.
- 1.4.3. na riachtanais maidir le cáilíochtaí agus clárú múinteoirí. Tá sé de dhualgas ar Bhoird Bhainistíochta bunscoileanna múinteoirí a earcú agus a fhostú atá cáilithe don phost agus atá cláraithe mar is cuí leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Is féidir rochtain a fháil ar riachtanais clárúcháin cothrom le dáta ar www.education.ie.
- 1.4.4. riachtanais chun cloí le Bunreacht na mBord agus leis na Rialacha Nós Imeachta.

2. Nósanna Imeachta Ginearálta maidir le Múinteoirí agus Príomhoidí a Cheapadh

2.1. Réamhnósanna imeachta

- 2.1.1 Ní mór do scoileanna cloí leis na socruithe ath-implonaithe ábhartha sular féidir leo dul ar aghaidh chun poist a líonadh trí phróiseas fógraíochta poiblí.
- 2.1.2 Ní ceadmhach do Bhord Bainistíochta post múinteoireachta a fhógairt gan an méid seo a leanas a áirithiú roimh ré:
 - (a) nach gá dualgas ar bith a chomhlíonadh leis an bpost i leith múinteoirí reatha maidir le hincháilitheacht ar CID (conradh tréimhse éiginnte),
 - (b) nach bhfuil aon duine oiriúnach don phost ar na painéil ath-implonaithe ábhartha uile nó go ndearna gach duine ar an bpainéil/ar na painéil tairiscint i leith poist a dhiúltú i scríbhinn, agus
 - (c) nach bhfuil aon duine oiriúnach don phost ar phainéal ar bith a bhunaigh scoil tar éis agallamh le haghaidh poist (“painéal inmheánach”).

2.2. Fógráin

- 2.2.1. Cuirfear gach folúntas 24 seachtaine nó níos mó in iúl don fhoireann theagaisc ar fad sa scoil agus fógrófar é ar cheann de na láithreáin ghréasáin arna

gcinneadh ag comhlachtaí bainistíochta ó am go ham **nó** i nuachtán náisiúnta laethúil amháin ar a laghad.

Moltar do Bhoird dul i gcomhairle lena gcomhlacht bainistíochta chun sonraí a fháil faoi na láithreáin ghréasáin atá molta faoi láthair chun poist a fhógairt. Amhail Meán Fómhair 2011, áirítear orthu:

Ginearálta

www.educationposts.ie

www.staffroom.ie

Comhlachtaí

Bainistíochta/Fostóirí

www.educatetogether.ie

Láithreáin Ghréasáin na gCoistí
Gairmoideachais

Féadfar fógraí maidir le post Príomhoide a fhógairt ar www.publicjobs.ie.

- 2.2.2. Iarrfar san fhógrán iarratais mar aon le curriculum vitae **nó** iarratas ar an bhfoirm iarratais chaighdeánach chomhaontaithe, ó mhúinteoirí incháilithe agus ní mór na hiarratais a chur faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta faoi spriodhata sonraithe ag an seoladh sonraithe. **Níor chóir go mbeadh ar iarratasóirí curriculum vitae agus foirm iarratais araon a chur isteach.**

Sonrófar an méid seo a leanas san fhógrán:-

- (a) ainm, seoladh, uimhir rolla agus pátrúnacht na scoile.
- (b) líon na bpost múinteoireachta (lena n-áirítear Príomhoide).
- (c) an cineál folúntais atá i gceist (.i. post múinteoireachta nó Príomhoide).
- (d) stádas an fholúntais (.i. post buan nó post téarma sheasta (sealadach), post lánaimseartha nó post páirtaimseartha).
- (e) an dáta a mheastar a thosóidh an post.
- (f) an seoladh ar cheart iarratais a sheoladh chuige. Féadfaidh seoladh poist **nó** seoladh ríomhphoist a bheith i gceist anseo (féach 2.3 le haghaidh nósanna imeachta maidir le hiarratais leictreonacha/ríomhphoist).
- (g) an dáta agus an t-am is déanaí a ghlacfar le hiarratais chomhlánaithe, nach mbeidh níos luaithe ná 14 lá tar éis an fógrán a fhoilsiú den chéad uair.
- (h) cibé an bhfuil curriculum vitae **nó** foirm iarratais chaighdeánach riachtanach. (Níor chóir go mbeadh ar iarratasóirí curriculum vitae agus foirm iarratais araon a chur isteach.)
- (i) an cineál dualgas a d'fhéadfaí a dháileadh ar an bpost ar dtús (m.sh. tacaíocht foghlama, múinteoir i mbun acmhainní, srl.). Ba cheart a shonrú go bhféadfaidh na dualgais atá san áireamh san fhógrán a bheith faoi réir athraithe
- (j) liosta den fhaisnéis dhoiciméadach atá riachtanach mar thaca leis an iarratas .i. fianaise ar cháilíochtaí; deimhniú ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta; comhlíonadh ghrinnfhiosrúchán reatha na nGardaí agus riachtanais OHS.

- (k) Aon doiciméadúchán eile is gá m.sh. teastas chun oideachas reiligiúnach Caitliceach a mhúineadh i scoileanna atá faoi Phátrúnacht Chaitliceach.

2.2.3. **Féadfar** an méid seo thíos a shonrú san fhógrán chomh maith

- (a) An féidir liosta d'iarratasóirí féideartha a bhunú óna bhféadfaí folúntais a líonadh amach anseo.
- (i) Ní féidir folúntais bhuana a líonadh ó phainéal a bunaíodh tar éis agallamh le haghaidh poist téarma sheasta.
 - (ii) I gcás ina ndearnadh agallaimh le haghaidh poist bhuan nó poist téarma sheasta, ansin féadfar úsáid a bhaint as painéal inmheánach dá leithéid chun folúntais téarma sheasta agus folúntais múinteora ionaid a líonadh ar feadh tréimhse comhionann leis an tréimhse a bhí i gceist sna hagallaimh nó ar feadh tréimhse níos giorra ná sin.
 - (iii) I gcás ina ndéantar painéal inmheánach dá leithéid féadfar feidhm a bhaint as maidir le folúntas ar bith a chomhlíontar laistigh de cheithre mhí ón dáta ar a bhfaomhann an Bord an t-iarrthóir rathúil agus ord fiúntais na n-iarrthóirí cáilitheacha, faoi réir faofa roimh ré ón bpátrún.
 - (iv) Ní mór poist a thairiscint d'iarrthóirí incháilithe in ord fiúntais de réir mar a chinntear trí 2.6.6. Ní féidir an liosta a dhéanamh mura luaitear a leithéid san fhógrán.
- (b) An bhfuil clúdach faoi stampa is seoladh riachtanach chun an doiciméadúchán a sheoladh ar ais.
- (c) Ba cheart do na hiarratasóirí "Iarratas" a mharcáil ar an gclúdach litreach
- (d) An bhfuil líon íosta iarratas riachtanach le go bhféadfaí dul ar aghaidh leis an gcomórtas

Ní mór cóip den fhógrán a choimeád agus a chur i gcomhad pearsanra an iarrthóra rathúil. Má dhéantar an post a fhógairt ar líne ba cheart cóip den fhógrán a íoslódáil.

- 2.2.4. Ní bhunófar painéal inmheánach den chineál dá dtagraítear in 2.2.3 maidir le post Príomhoide. Níor cheart é sin a mheascadh le hord fiúntais is féidir a úsáid má dhiúltaíonn iarrthóir ar chéim níos airde an post.
- 2.2.5. Glacfar cúraim speisialta agus an fógrán á dhréachtú, go háirithe agus catagóir inscne na scoile á léiriú, i dtreo is go gcinnteofaí go dtuigfeadh gach duine go bhfuil idir fhir agus mhná incháilithe cur isteach ar an bpost agus go gcaithfear leo go comhionann.
- 2.2.6. Níor cheart a léiriú i bhfógraí, ná níor cheart go mbeadh sé intuigthe go réasúnta uathu, go bhfuil sé beartaithe idirdhealú a dhéanamh ar na forais atá leagtha amach in Alt 6(2) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 – 2008, .i. inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine & ball den Lucht Siúil, ach gan a chur san

áireamh Alt 37 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta a bhaineann le héiteas na scoile a chosaint.

- 2.2.7. Ní bheidh aon mhoill mhíreásúnta idir an tráth a fhaightear fógra faoin bhfolúntas, an tráth a chuirtear an fógrán isteach agus an tráth a líontar an post.
- 2.2.8. Ba cheart poist arna gceadú ar bhonn buan a líonadh le ceapachán buan ach amháin i gcás ina bhfuil cúinsí speisialta i gceist.
- 2.2.9. Níor cheart folúntais le haghaidh Príomhoidí a fhógairt in Iúil ná i Lúnasa, ach amháin i gcúinsí eisceachtúla agus tar éis faomhadh a fháil roimh ré ón bPátrún.

2.3. Iarratais Leictreonacha

- 2.3.1. Má roghnaíonn an Bord Bainistíochta glacadh le hiarratais leictreonacha (ríomhphoist), ba cheart na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint:
 - (a) Ba cheart cuntas ríomhphoist ar leith a bhunú don phróiseas iarratais. Mura bhfuil rochtain ag an scoil ar sheoladh ríomhphoist ar leithligh, is féidir seirbhís ar nós g-mail a úsáid m.sh. iarrataisscoilarbith@gmail.com.
 - (b) Níor cheart go mbeadh rochtain ach ag comhaltaí an bhoird roghnúcháin ar an gcuntas sin.
 - (c) Ba cheart cloí go beacht leis an spriocdháta agus an t-am chun iarratais a chur isteach. Is é an dáta agus an t-am a fhaightear iarratais, an dáta agus an t-am atá taifeadta ar an ríomhphost.
 - (d) I gcás ina socraíonn an Bord Bainistíochta, de réir 2.5.2, líon íosta iarratas is gá a fháil chun dul ar aghaidh leis an gcomórtas agus go bhfaightear líon íosta sin, déanfaidh an Bord Roghnúcháin na hiarratais a oscailt agus a íoslódáil ag a chruinniú um ghearrliostú.
 - (e) Déanfar na hiarratais a mheas de réir gnáthnósanna imeachta.
 - (f) Féadfar fógra faoi chuireadh chun freastal ar agallamh agus an doiciméadúchán atá liostaithe faoi 2.6.1 (thíos) a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist an iarratasóra. D'fhéadfaí go n-iarrfaí ar iarratasóirí a dhearbhu tríd an ríomhphost go mbeidh siad ag freastal ar an agallamh.
 - (g) I gcás ina seoltar ríomhphost chuig roinnt iarrthóirí ag an am céanna, ba cheart a bheith cúramach rúndacht gach duine a choinneáil. Ba cheart do na Boird úsáid a bhaint as an rogha bcc nó ríomhphoist a sheoladh chuig iarratasóirí ar bhonn aonair.
 - (h) Féadfaidh scoileanna cinneadh a dhéanamh na hiarrthóirí a d'fhreastail ar agallaimh agus nár éirigh leo a fhreagairt i scríbhinn (lena n-áirítear le ríomhphost). Is féidir é sin a dhéanamh i gcás an iarrthóra rathúil freisin. Mar sin féin, má tá ríomhphoist a n-úsáid, moltar cóip den litir chuig an iarrthóir rathúil a chur ina c(h)omhad pearsanra.
 - (i) Úsáid leanúnach a bhaint as seoltaí ríomhphoist. I gcás ina mbaintear leas as an seoladh ríomhphoist céanna le haghaidh comórtas ina dhiaidh sin, ba

chóir na pasfhocail a athrú chun a áirithiú nach mbeidh rochtain ach ag an mbord roghnúcháin nua ar na hiarratais. Ní fhéadfaidh an bord roghnúcháin a mheas ach na hiarratais a fhaightear idir dáta an fhógraín agus dáta deiridh an chomórtais.

- (j) Ba cheart na hiarratais uile i bhfoirm ríomhphoist a scríosadh i ndiaidh don phróiseas roghnúcháin a bheith tugtha chun críche. Ba cheart na sonraí pearsanta ar fad a choimeád go daingean, agus níor cheart iad a choimeád ach amháin fad a bheidh siad ábhartha, agus de réir na dtreoirlínte maidir le cosaint sonraí.

2.4. An Bord Roghnúcháin

2.4.1. Beidh na daoine seo a leanas ar an mBord Roghnúcháin:-

- (a) I gcás ceapachán chun Poist Mhúinteoireachta - Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, an Príomhoide agus measúnóir atá neamhspleách ar an mBord Bainistíochta, a dhéanfaidh an Pátrún a cheapadh tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach.
- (b) I gcás ina bhfuil múinteoir á roghnú i dtréimhse tar éis cheapadh Príomhoide ach sula dtosaíonn an Príomhoide sin sa phost, líonfaidh a Príomhoide nuacheaptha post an Phríomhoide ar an mBord Roghnúcháin.
- (c) I gcás ceapachán chun poist Príomhoide - Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, an beirt mheasúnóirí ar a laghad atá neamhspleách ar an mBord Bainistíochta, a dhéanfaidh an Pátrún a cheapadh tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an gCathaoirleach.

2.4.2. Beidh bean amháin agus fear amháin ar a laghad i measc na gcomhaltaí.

2.5. Iarratasóirí a ghearrliostú

- 2.5.1. Tiocfaidh an Bord Roghnúcháin le chéile a luaithe is féidir agus coinneoidh an scoil aon doiciméid nó nótaí a chruthóidh sé ar feadh 18 mí.
- 2.5.2. Sula bhfógrófar post, féadfaidh an Bord Roghnúcháin líon íosta iarratas a leagan síos nach mór a fháil ionas gur féidir leanúint ar aghaidh leis an gcomórtas.
- 2.5.3. I gcás inar sonraíodh an líon íosta iarratas agus nár comhlíonadh é, déanfar an post a fhógairt arís agus beidh foráil ann nach gá do na daoine a bhfuarthas a gcuid iarratas laistigh den am a sonraíodh san fhógrán tosaigh iarratas a dhéanamh arís agus go gcoinneofar a gcuid iarratas go dtí an chéad spriocdháta eile.
- 2.5.4. Déanfaidh an Bord Roghnúcháin, sa chéad ásc, critéir chomhaontaithe a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais. Agus critéir á socrú, cuirfear na fachtóirí seo a leanas san áireamh, ag féachaint do riachtanais an phoist shonraigh agus do na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta, ach ní gá go mbeadh siad san ord seo a leanas amháin:-

- cáilíochtaí gairmiúla

- clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta
- taithí ar mhúineadh
- taithí ábhartha eile, m.sh. taithí ar Riachtanais Speisialta; múineadh ilranga srl

Moltar do Bhoird féachaint ar www.education.ie le haghaidh na riachtanas cáilíochta agus clárúcháin is nuashonraithe maidir le múinteoirí agus príomhoidí a cheapadh.

Ní foláir nó go léireoidh na critéir a roghnaítear riachtanais na scoile agus seolfar cóip de na critéir chuig gach iarrthóir a dtabharfar cuireadh dóibh freastal ar agallamh.

Ní mór cúram a ghlacadh lena chinntiú nach ndéanfaí idirdhealú de bharr na gcritéir ar na forais atá leagtha amach in Alt 6(2) de na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 – 2008, .i. inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, claonadh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine & ball den Lucht Siúil, ach gan a chur san áireamh Alt 37 den Acht um Chomhionannas Fostaíochta a bhaineann le héiteas na scoile a chosaint.

2.5.5. Ní mór do chomhalta ar bith den Bhord Roghnúcháin, lena n-áirítear an Cathaoirleach, a bhfuil gaol aige/aici le duine is iarrthóir ar phost sa scoil, an gaol sin a chur in iúl don Bhord Bainistíochta agus, nuair is gá, tarraingt siar ón mBord Roghnúcháin. Ainmneoidh an Pátrún Cathaoirleach nó comhalta eile ina (h)ionad. Mairfidh eisiamh den chineál sin tríd an bpróiseas go léir go dtí go mbeidh sé ceadaithe ar leibhéal an Bhoird Bhainistíochta. Ní ghlacfaidh an duine a eiseofar ar an gcaoi sin páirt ar bith in aon bhreithniú ná in aon chinneadh a dhéanfaidh an Bord Bainistíochta i leith an ábhair ach leanfaidh sé air ag glacadh páirte de réir mar is cuí i ngach gnó eile de chuid an Bhoird Bhainistíochta.

(a) Déanfar an nochtadh agus an cinneadh a thaifeadadh i miontuairiscí an Bhoird. Sa chomhthéacs sin, ní foláir do chomhaltaí an Bhoird nochtadh a dhéanamh, ní hamháin i gcás gaol teaghlaigh, ach i leith aon ghaol a d'fhéadfaí a mheas mar ghaol a bheadh dochrach do neamhchlaontacht iomlán sa phróiseas roghnúcháin.

(b) Ní hionann aithne a bheith ag duine ar dhuine eile i gcáil ghairmiúil (.i. a bheith tar éis múineadh nó obair leo roimhe sin) agus gaol ábhartha ann féin. Ba cheart don bhord roghnúcháin nó don Bhord Bainistíochta, de réir mar a bheidh, nochtadh a dhéanamh agus é a thaifeadadh mar nochtadh.

(c) Mura ndéantar aon ghaol ábhartha i leith an roghnúcháin a nochtadh, d'fhéadfaí an próiseas a dhéanamh neamhbhailí.

2.5.6. Má tá triúr iarratasóirí incháilithe ann nó níos lú ná sin, tabharfaidh an Bord Roghnúcháin cuireadh do na hiarratasóirí incháilithe ar fad freastal ar agallamh nó, mura bhfaightear an líon íosta iarratas nach mór a fháil ionas gur féidir leanúint ar aghaidh leis an gcomórtas, de réir mar atá leagtha amach ag an mBord Bainistíochta faoi 2.5.2, déanfar an post a fhógairt arís. Seachas sin, tabharfar cuireadh do thriúr iarratasóirí incháilithe ar a laghad freastal ar agallamh.

- 2.5.7. Roghnófar na hiarratasóirí le haghaidh agallaimh bunaithe ar mheasúnú tosaigh ar na hiarratais i gcoinne na gcritéar arna mbunú faoi 2.5.4 thuas.

2.6. Agallaimh

- 2.6.1. Ba cheart cuireadh chun freastal ar agallamh a eisiúint i scríbhinn nó le ríomhphost laistigh de thrí seachtaine ón dáta deireanach chun iarratais a fháil. Tabharfar an méid seo a leanas do gach iarratasóir a dtugtar cuireadh dó/di freastal ar agallamh:-
- (a) fógra seacht lá glan i scríbhinn faoi am sonrach le haghaidh an agallaimh lasmuigh d'uaireanta scoile.
 - (b) sonraí na gcritéar atá socraithe maidir leis an bpost, a chuirfear san áireamh leis an bhfógra i scríbhinn faoin agallamh.
 - (c) ní mór don Chathaoirleach a chinntiú go bhfuil rochtain iomlán ar ionad na n-agallamh agus go gcomhlíontar an reachtaíocht uile maidir le Míchumas agus Sláinte agus Sábháilteacht ann, ba cheart go n-iarrfaí ar an iarrthóir freisin a chur in iúl don Bhord Roghnúcháin má tá aon chabhair bhreise ag teastáil uathu i leith riachtanais speisialta.
- 2.6.2. Ba cheart go mbeadh ionad na n-agallamh compordach agus ba cheart troscán iomchuí a bheith ann le haghaidh cruinnithe idir grúpa daoine fásta, agus ní foláir nó go mbeadh limistéar feithimh compordach ann.
- 2.6.3. Ba cheart don Bhord Roghnúcháin a áirithiú, a mhéid is féidir, nach mbuailfidh na hiarratasóirí le chéile roimh an agallamh nó ina dhiaidh, fad agus a bheidh siad san ionad agallaimh.
- 2.6.4. Bainfidh na ceisteanna uile ag na hagallaimh le riachtanais an phoist ar leith agus le riachtanais na Rialacha do Scoileanna Náisiúnta. Ní chuirfear aon cheist ná ní iarrfar ar aon iarratasóir faisnéis a thabhairt a d'fhéadfaí a fhorléiriú mar cheisteanna idirdheallaitheacha.
- Agus foirne á roghnú le haghaidh scoileanna ina bhfuil buachaillí amháin nó ina bhfuil cailíní amháin ní mór cúram speisialta a ghlacadh lena chinntiú go dtabharfar comhdheis d'iarratasóirí fir is mná araon, chun iad féin a chur i láthair mar iarratasóirí oiriúnacha agus nach dtabharfar le tuiscint ó na ceisteanna a chuirfear go bhfuil dearcadh réamhcheaptha ag an mBord ar oiriúnacht fir nó mná don phost ar leith.
- 2.6.5. Éilítear ar gach measúnóir a b(h)ileog mharcála féin a chomhlánú agus é a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin nuair atá na hagallaimh críochnaithe. Cuirfear cóipeanna de na bileoga sin ar fáil do na hiarrthóirí ar iarratas.
- 2.6.6. Déanfar na marcanna aonair a shuimiú agus bainfear úsáid as an marc deiridh do gach iarrthóir chun na hiarrthóirí a mheastar a bheith feiliúnach lena cheapadh a rangú. Tabharfaidh an Cathaoirleach na marcanna deiridh agus an rangú don Bhord Bainistíochta mar aon le tuairisc scríofa, ina n-ainmnítear an t-iarratasóir/ na hiarratasóirí a mheasann sé a bheith oiriúnach lena c(h)eadadh.

- 2.6.7. Ní mór a dhearbhu sa tuairisc scríofa go bhfuarthas teistiméireachtaí oiriúnacha an iarratasóra / na n-iarratasóirí a raibh an rangú is airde acu agus a ainmníodh lena gceapadh. Féadfar teistiméireachtaí a fháil i scríbhinn nó ó bhéil ó na moltóirí atá ainmnithe ag an iarrthóir ina f(h)oirm iarratais.
- 2.6.8. Coinneoidh an Bord Bainistíochta cóip den liosta rangaithe comhaontaithe le húsáid mura líonfar an post leis an ainmnitheach a bhfuil an rangú is airde aige/aici. Déanfar teistiméireachtaí na n-iarrthóirí a sheiceáil sula ndéanfar ceapachán ar bith a thairiscint dóibh.
- 2.6.9. Ceapfaidh an Bord Bainistíochta an t-ainmnitheach a bhfuil an rangú is airde aige/aici chun an phoist mura bhfuil cúis mhaith agus imleor aige gan a leithéid a dhéanamh agus nach raibh an chúis sin ar eolas ag an mBord Roghnúcháin; sa chás sin cuirfear an t-ábhar ar aghaidh chuig an bPátrún agus glacfaidh an Bord lena c(h)inneadh i leith an ábhair.
- 2.6.10. Níor cheart an ceapachán a thairiscint don fhostaí ionchais go dtí go bhfaighidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta faomhadh roimh ré ón bpátrún.
- 2.6.11. Ní mór don Bhord Bainistíochta a chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais reatha maidir le Grinnfhiosrúchán na nGardaí agus maidir le dearbhú reachtúil um chosaint leanaí a sholáthar agus foirm ghaolmhar ghealltanais ó dhaoine atá á gceapadh i bpoist mhúinteoireachta. Tá na riachtanais reatha léirithe ar www.education.ie.

2.7 Ord sinsearachta

- 2.7.1 I gcás ina dtosaíonn beirt mhúinteoirí nó níos mó a bpoist ar an lá ceanna, socróidh an Bord Bainistíochta an t-ord sinsearachta buanaithe ar an ord fiúntais arna chinneadh ag an mBord Roghnúcháin.

2.8 Fógra a thabhairt d'iarratasóirí

- 2.8.1 Ar an gcoinníoll go bhfuil faomhadh faighte roimh ré ón bPátrún de réir 2.6.10 tabharfaidh an Bord fógra i scríbhinn don mhúinteoir go bhfuil sé beartaithe é/í a cheapadh. Ba cheart go luafaí sa litir thairisceana chuig an iarrthóir rathúil go bhfuil an tairiscint faoi réir na nithe seo a leanas–

- (a) ceadú an Aire,
- (b) dearbhú ar cháilíochtaí,
- (c) clárú leanúnach leis an gComhairle Mhúinteoireachta,
- (d) riachtanais ghrinnfhiosrúcháin na nGardaí a chomhlíonadh, agus
- (e) scagthástáil míochaine réamhfhostaíochta.

Is féidir teimpléad de litir thairisceana a fháil ar www.education.ie.

- 2.8.2 Chomh luath is a fhaigheann an Bord Bainistíochta fógra i scríbhinn go bhfuil an múinteoir ag glacadh an phoist, cuirfear na hagallaithe mírathúla go léir ar an eolas.

- 2.8.3 Déanfaidh an t-iarrthóir rathúil agus an Cathaoirleach araon an fhoirm cheapacháin chuí a chomhlánú agus cuirfidh siad ar aghaidh í chuig Rannóg Párolla Bunscoile na Roinne Oideachais agus Scileanna. Má bhíonn an post údaraithe agus má dheimhníonn Cathaoirleach an Bhoird gur chomhlíon an múinteoir na critéir agus go ndearnadh an ceapachán de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos san aguisín seo agus de réir Chiorcláin reatha na Roinne, ceadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna an ceapachán.
- 2.8.4 Coinneoidh an Bord Bainistíochta taifid ar an bhfógrán, na critéir chun iarratasóirí a mheasúnú, an tuairisc i scríbhinn chuig an mBord Bainistíochta agus taifead ar bith eile de chuid an Bhoird Roghnúcháin ar feadh tréimhse 18 mí ar a laghad de réir nósanna imeachta um Chosaint Sonraí.

2.9 Conarthaí

- 2.9.1 Ní mór do Bhord Bainistíochta, mar fhostóir, ráiteas i scríbhinn a thabhairt dá fhostaí ina sonraítear téarmaí fostaíochta an fhostaí, m.sh. láthair oibre agus uaireanta oibre, freagrachtaí, nósanna imeachta smachta/gearáin, beartais fostóra (sláinte & sábháilteacht, ciapadh, gnéaschiapadh, srl), a bhfuil roinnt díobh ina gceanglais reachtacha faoi na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001.
- 2.9.2 Ní foláir nó go bhfaigheadh múinteoirí arna bhfostú faoina gcéad chonradh buan nó téarma sheasta (sealadach) a dtéarmaí fostaíochta i scríbhinn laistigh de dhá mhí ó dháta a gceapacháin. Ní mór aon chonradh ina dhiaidh sin a sholáthar roimh dháta athnuachana/tosaithe feidhme an chonartha sin. Ba cheart don fhostaí agus don fhostóir araon na téarmaí agus coinníollacha a shíniú i ndúblach. Ba cheart don scoil ceann amháin de na téarmaí agus coinníollacha dúblacha comhlánaithe go cuí a choinneáil i gcomhad pearsanra an mhúinteora agus an ceann eile a sholáthar don fhostaí.

3. Príomhoidí nó Múinteoirí a cheapadh i scoileanna clochair agus i scoileanna mainistreach

- 3.1. Más mian le húdaráis an Oird Rialta lena mbaineann comhalta den Ord a cheapadh, déanfaidh an Bord Bainistíochta, faoi réir faomhadh a fháil roimh ré ón bPátrún agus ón Aire, an duine arna mholadh ag na húdaráis sin a cheapadh ar an gcoinníoll go bhfuil an duine sin cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus go bhfuil sé/sí cáilithe don phost atá i gceist, go bhfuil teistiméireachtaí faighte ó Phríomhoide nó ó Chathaoirleach Bhord Bainistíochta na scoile ina bhfuil an comhalta sin faoi láthair nó na scoile deireanaí ina raibh sé/sí agus go gcomhlíonann sé/sí riachtanais ghrinnfhiosrúcháin na nGardaí.
- 3.2. I gcás inar tugadh ráthaíocht d'Ord Rialta go bhfaigheadh siad líon áirithe post i scoil atheagraithe nach bhfuil ina scoile clochair ná ina scoil mainistreach, déanfaidh an Bord Bainistíochta, faoi réir faomhadh a fháil roimh ré ón Aire, comhaltaí an oird arna n-ainmniú ag údaráis an Oird Rialta lena mbaineann a cheapadh ar an gcoinníoll go bhfuil na daoine ainmnithe sin cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus go bhfuil siad cáilithe do na poist atá i gceist, go bhfuil teistiméireachtaí faighte ó Phríomhoide nó ó Chathaoirleach Bhord Bainistíochta na scoile deireanaí ina raibh na comhaltaí sin agus go gcomhlíonann siad riachtanais ghrinnfhiosrúcháin na nGardaí.

3.3. I gcás ina ndéantar múinteoir a cheapadh faoi (3.1) nó (3.2) thuas, féadfaidh an tOrd Rialta, de réir mar is rogha leis féin amháin, comhalta den ord a bhaint ó phost i gcás inar ceapadh an comhalta sin chun an phoist de réir na forála sin. Is ceart foráil den tsaghas sin a chur san áireamh i gconradh an mhúinteora.

3.4. Má mheasann údaráis an Oird Rialta gur cheart tuata a cheapadh, leanfar an nós imeachta atá leagtha amach faoi Rannóg 2 den Aguisín seo.

4. Ceapadh múinteoirí téarma sheasta (múinteoirí sealadacha)

I gcás ina gceadaítear saoire shealadach do mhúinteoir .i. sos gairme, iasacht, srl, beidh an t-údarás fostaíochta freagrach as ionadaí téarma sheasta (sealadach) a fhostú ar feadh tréimhse na neamhláithreachta sealadaí.

Is é atá i gceist le conradh fostaíochta téarma sheasta ná conradh ina bhfuil deireadh an chonartha socraithe de réir coinníll oibiachtúil amhail dáta sonrach a bhaint amach, tasc sonrach a chomhlíonadh nó tarlú imeachta áirithe. Is féidir sonraí faoi fheidhmiú an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe) san earnáil oideachais a fháil ar www.education.ie

4.1. Oibleagáidí an Bhoird

4.1.1. Ní mór do Bhord Bainistíochta, mar fhostóir, ráiteas i scríbhinn a thabhairt dá fhostaí ina sonraítear téarmaí fostaíochta an fhostaí, m.sh. láthair oibre agus uaireanta oibre, freagrachtaí, nósanna imeachta smachta/gearáin, beartais fostóra (sláinte & sábháilteacht, ciapadh, gnéaschiapadh, srl), a bhfuil roinnt díobh ina gceanglais reachtacha faoin Acht um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis) 1994.

4.1.2. Ní foláir nó go bhfaigheadh múinteoirí arna bhfostú faoina gcéad chonradh buan nó téarma sheasta (sealadach) a dtéarmaí fostaíochta i scríbhinn laistigh de dhá mhí ó dháta a gceapacháin. Ní mór aon chonradh ina dhiaidh sin a sholáthar roimh dháta athnuachana/tosaithe feidhme an chonartha sin. Ba cheart don fhostaí agus don fhostóir araon na téarmaí agus coinníollacha a shíniú i ndúblach. Ba cheart don scoil ceann amháin de na téarmaí agus coinníollacha dúblacha comhlánaithe go cuí a choinneáil i gcomhad pearsanra an mhúinteora agus an ceann eile a sholáthar don fhostaí.

4.1.3. Faoi Théarmaí an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003, ní mór do na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le fostaí téarma sheasta na coinníollacha oibiachtúla a chuimsiú lena gcinntear comhthéacs na fostaíochta, an geríoch nóidh sí ar dháta áirithe, an gcomhlíonfar tasc ar leith nuair a tharlóidh teagmhas áirithe.

4.1.4. Sa chás go mbeartaíonn fostóir conradh ar théarma seasta a thairiscint, **cuirfidh** an fostóir an fostaí téarma sheasta ar an eolas i scríbhinn faoi na cúiseanna oibiachtúla a fhágann gur ceart an conradh ar théarma seasta a athnuachan agus a fhágann nach ndéanfar conradh tréimhse éiginnte a thairiscint roimh dháta na hathnuachana.

4.1.5. Meabhraítear don Bhord Bainistíochta gnáthchleachtas earcaíochta a leanúint maidir le riachtanais a bhaineann le grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána agus teistiméireachtaí a sheiceáil, cáilíochtaí iomchuí agus clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta.

4.2. Níosanna Imeachta

- 4.2.1. Is faoin mBord Bainistíochta a bheidh sé múinteoirí téarma sheasta (sealadacha) a cheapadh faoi réir cheadú an Aire.
- 4.2.2. I gcásanna ina meastar go mbeidh folúntais níos mó ná 24 seachtain ann, ba cheart na poist a fhógairt agus a líonadh trí phróiseas earcaíochta foirmiúil ag baint úsáide as na nósanna imeachta atá leagtha amach faoi Rannóg 2 thuas (faoi réir chiorcláin reatha na Roinne a bhaineann le painéil ath-implonaithe Deoise agus painéil ath-implonaithe cheadaithe eile.)
- 4.2.3. I gcás folúntais a mheastar a mhairfidh níos lú ná 24 seachtain, tá dualgas ar an scoil múinteoir cáilithe agus cláraithe a cheapadh ó liosta de mhúinteoirí den chineál sin a choinníonn an scoil nó seirbhís náisiúnta amhail TextaSub nó SubSearch. Ba cheart don Bhord Bainistíochta ciorcláin reatha na Roinne a cheadú ó thaobh na riachtanas maidir le cáilíochtaí agus clárú a bhaineann le ceapacháin chun poist mhúinteoireachta.
- 4.2.4. Má tá múinteoir láncháilithe nó cláraithe fostaithe ar chonarthaí comhleanúnacha sa phost céanna nó i bpoist den chineál céanna leis an bhfostóir céanna, ní gá dul tríd an bpróiseas agallaimh ach don chéad cheapachán. Ba chóir don Bhord Bainistíochta a chinntiú go dtabharfar conradh scríofa don mhúinteoir roimh thosach feidhme an chonartha.

4.3. Téarmaí Fostaíochta le haghaidh Múinteoirí Téarma Sheasta (múinteoirí sealadacha)

- 4.3.1. Is é an prionsabal a chuirfear i bhfeidhm maidir le coinníollacha fostaíochta d'fhostaithe téarma sheasta ná an prionsabal nach gcaithfí leo ar bhealach is lú fabhar le linn tréimhse an chonartha ach amháin má tá forais oibiachtúla ann chun a leithéid a dhéanamh.
- 4.3.2. Go ginearálta, aontaítear go gcuireann dáta éaga conartha agus, dá bhrí sin, foirceannadh an chaidrimh fostaíochta, deireadh le haon oibleagáid atá ar an bhfostóir ó thaobh coinníollacha fostaíochta de.
- 4.3.3. Ní mór a chur in iúl do mhúinteoirí téarma sheasta má tá folúntas buan ann. Ní féidir a bheith saintreorach maidir leis an modheolaíocht is gá a úsáid. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as láithreán gréasáin fostóra/fógraí do dhaoine aonair lasmuigh de thréimhse an téarma scoile nó as clár fógraí na scoile le linn tréimhse an téarma scoile.

Beidh an modh a úsáidfear chun folúntais bhuana a fhógairt san áireamh sa ráiteas i scríbhinn ar na téarmaí a thugtar do gach múinteoir téarma sheasta. Is é an cuspóir an folúntas a chur in iúl don mhúinteoir téarma sheasta ar bhealach tráthúil chun deis a thabhairt don mhúinteoir cur isteach ar an bpost más mian leis/léi a leithéid a dhéanamh.

Ba chóir do gach fostóir forálacha an Achta um Chosaint Fostaithe (Obair Téarma Shocraithe), 2003 a thabhairt faoi deara. Déantar foráil in alt 10.2 den Acht sin maidir leis an bhfaisnéis faoin bhfolúntas “*may be provided by means of a general announcement at a suitable place or undertaking or establishment*”.

Aguisín E

Nósanna imeachta maidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta a cheapadh

Measfar go gciallaíonn aon tagairt do “laethanta” in Aguisín E laethanta féilire mura sonraítear a mhalairt.

1. Nósanna Imeachta chun Cúntóirí Riachtanas Speisialta a cheapadh

- 1.1. Tá Boird Bhainistíochta, de réir na nósanna imeachta comhaontaithe anseo thíos, freagrach as Cúntóirí Riachtanas Speisialta a cheapadh i mbunscoileanna. Ní mór ceadú roimh ré a fháil ó Phátrún na scoile chun aon cheapachán den chineál sin a dhéanamh.
- 1.2. Ní dhéanfar Cúntóirí Riachtanas Speisialta a cheapadh chun poist mura bhfuil sé faoi chuimsiú na cionroinnte post arna ceadú ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.

2. Fógráin

- 2.1 Ní ceadmhach do Bhord Bainistíochta post mar chúntóirí riachtanas speisialta a fhógairt gan an méid seo a leanas a áirithiú roimh ré nach bhfuil aon duine a bheadh oiriúnach don phost ar phainéal ar bith a bhunaigh an scoil tar éis agallaimh a reáchtáil le haghaidh poist mar Chúntóirí Riachtanas Speisialta (“painéal inmheánach”).
- 2.2 Ní mór post mar Chúntóirí Riachtanas Speisialta a fhógairt i nuachtán áitiúil **nó** ar cheann de na láithreáin ghréasáin arna chinneadh ag na comhlachtaí bainistíochta ó am go ham.

Moltar do Bhoird dul i gcomhairle lena gcomhlacht bainistíochta chun sonraí a fháil faoi na láithreáin ghréasáin atá molta faoi láthair chun poist a fhógairt. Amhail Meán Fómhair 2011, áirítear orthu:

Ginearálta

www.educationposts.ie
www.staffroom.ie

Comhlachtaí Bainistíochta/Fostóirí

www.educatetogether.ie
Láithreáin Ghréasáin na gCoistí
Gairmoideachais

- 2.3 Faoi réir na n-eisceachtaí atá ceadaithe faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2008, ní chuirfidh fógrán in iúl go bhfuil idirdhealú beartaithe ná ní bheidh faisnéis ann i bhfoirm ar bith a dtuigfí uathí le réasún go bhfuil sé sin beartaithe.
- 2.4 Iarrfar san fhógrán iarratais mar aon le curriculum vitae **nó** iarratas ar an bhfoirm iarratais chaighdeánach, ó mhúinteoirí incháilithe agus ní mór na hiarratais a chur faoi bhráid Chathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta faoi spriocdháta sonraithe ag an seoladh sonraithe.

Sonrófar an méid seo a leanas san fhógran:-

- (a) Ainm, seoladh, uimhir rolla agus pátrúnacht na scoile.
- (b) An dáta a mheastar a thosóidh an post.
- (c) Sonrófar an bhfuil an post lánaimseartha nó páirtaimseartha mar aon le líon na n-uaireanta páirtaimseartha.
- (d) Sonrófar an post caighdeánach nó post ionaid atá sa phost.
- (e) Cur síos ginearálta ar dhualgais an phoist.
- (f) An seoladh ar cheart iarratais a sheoladh chuige. Féadfaidh seoladh poist **nó** seoladh ríomhphoist a bheith i gceist anseo (féach (3) le haghaidh nósanna imeachta maidir le hiarratais leictreonacha/ríomhphoist).
- (g) An dáta agus an t-am is déanaí a ghlacfar le hiarratais , nach mbeidh níos luaithe ná 14 lá tar éis an fógrán a fhoilsiú den chéad uair.
- (h) Sonrófar nach mór curriculum vitae **NÓ** foirm iarratais chaighdeánach a chur isteach leis an iarratas (Níor chóir go mbeadh ar iarratasóirí curriculum vitae agus foirm iarratais araon a chur isteach).
- (i) Sonrófar go bhfuil teistiméireachtaí nó ainmneacha agus seoltaí na moltóirí riachtanach.
- (j) Sonraigh go bhféadfaí painéal inmheánach d'iarratasóirí oiriúnacha a bhunú óna bhféadfaí folúntais amach anseo (lena n-áirítear folúntais ionaid) a líonadh (bailí ar feadh na scoilbhliana). Ní féidir folúntais chaighdeánacha do chúntóirí riachtanas speisialta a líonadh ó phainéal a bunaíodh tar éis agallamh le haghaidh post ionaid.

Ní mór cóip den fhógrán a choimeád agus a chur i gcomhad pearsanra an iarrthóra rathúil. Má dhéantar an post a fhógairt ar líne ba cheart cóip den fhógrán a íoslódáil.

3. Iarratais Leictreonacha

3.1. Má roghnaíonn an Bord Bainistíochta glacadh le hiarratais leictreonacha (ríomhphoist), ba cheart na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint:

- (a) Ba cheart cuntas ríomhphoist ar leith a bhunú don phróiseas iarratais. Mura bhfuil rochtain ag an scoil ar sheoladh ríomhphoist ar leithligh, is féidir seirbhís ar nós gmail a úsáid m.sh. iarrataisscoilarbith@gmail.com.
- (b) Níor cheart go mbeadh rochtain ach ag comhaltaí an bhoird roghnúcháin ar an gcuntas sin.
- (c) Ba cheart cloí go beacht leis an spriocdháta agus an t-am chun iarratais a chur isteach. Is é an dáta agus an t-am a fuarthas an t-iarratas, an dáta agus an t-am atá taifeadta ar an ríomhphost.
- (d) Déanfar na hiarratais a mheas mar
- (e) gnáthchuirí chun freastal ar agallaimh agus is féidir an doiciméadacht ábhartha a sheoladh chuig seoladh ríomhphoist an iarratasóra. D'fhéadfaí go n-iarrfaí ar iarratasóirí a dhearbhu tríd an ríomhphost go mbeidh siad ag freastal ar an agallamh.

- (f) I gcás ina seoltar ríomhphost chuig roinnt iarratasóirí ag an am céanna, ba cheart a bheith cúramach rúndacht gach iarratasóra a choinneáil. Ba cheart do na Boird úsáid a bhaint as an rogha bcc nó ríomhphoist a sheoladh chuig iarratasóirí ar bhonn aonair.
- (g) Féadfaidh scoileanna cinneadh a dhéanamh na hiarrthóirí a d'fhreastail ar agallaimh agus nár éirigh leo a fhreagairt i scríbhinn. Is féidir é sin a dhéanamh i gcás an iarrthóra rathúil freisin. Mar sin féin, má tá ríomhphoist a n-úsáid, moltar cóip den litir chuig an iarrthóir rathúil a shábháil nó a phriontáil le haghaidh thaifid na scoile.
- (h) Úsáid leanúnach a bhaint as seoltaí ríomhphoist. I gcás ina mbaintear leas as an seoladh ríomhphoist céanna le haghaidh comórtas ina dhiaidh sin, ba chóir na pasfhocail a athrú chun a áirithiú nach mbeidh rochtain ach ag an mbord roghnúcháin nua ar na hiarratais. Ní fhéadfaidh an bord roghnúcháin a mheas ach na hiarratais a fhaightear idir dáta an fhógráin agus dáta deiridh an chomórtais.
- (i) Ba cheart na hiarratais uile i bhfoirm ríomhphoist a scríosadh i ndiaidh don phróiseas roghnúcháin a bheith tugtha chun críche. Ba cheart na sonraí pearsanta ar fad a choimeád go daingean, agus níor cheart iad a choimeád ach amháin fad a bheidh siad ábhartha, agus de réir na dtreoirilínte maidir le cosaint sonraí.

4. An Bord Roghnúcháin

- 4.1. Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta, Príomhoide na scoile agus duine amháin eile a ainmneoidh an Pátrún a bheidh ar an mBord Roghnúcháin.
- 4.2. Ní mór bean agus fear amháin ar a laghad a bheith ar an mBord Roghnúcháin.
- 4.3. Aon chomhalta den Bhord Roghnúcháin, lena n-áirítear an Cathaoirleach, a bhfuil gaol aige/aici le duine is iarrthóir ar phost, cuirfidh sé/sí an gaol sin in iúl don Bhord Bainistíochta, agus, nuair is gá, tarraingeoidh sé/sí siar ón mBord Roghnúcháin. Ainmneoidh an Pátrún Cathaoirleach nó comhalta eile ina n-ionad. Mairfidh eisiámh den chineál sin tríd an bpróiseas go léir go dtí go mbeidh sé faofa ar leibhéal an Bhoird Bhainistíochta. Ní ghlacfaidh an duine a eiseofar ar an gcaoi sin páirt in aon bhreithniú nó cinneadh a dhéanfaidh an Bord Roghnúcháin. Aon chomhalta den bhord roghnúcháin ar chomhalta den Bhord Bainistíochta freisin é/í, leanfaidh sí/sí de pháirt a ghlacadh in aon ghnó eile de chuid an Bhoird Bhainistíochta.
 - (a) Déanfar an nochtadh agus an cinneadh a thaifeadadh i miontuairiscí an Bhoird. Sa chomhthéacs sin, ní foláir do chomhaltaí an Bhoird nochtadh a dhéanamh, ní hamháin i gcás gaol teaghlaigh, ach i leith aon ghaoil a bhféadfaí a mheas gur gaol é a bheadh dochrach do neamhchlaontacht iomlán sa phróiseas roghnúcháin.
 - (b) Ní hionann aithne a bheith ag duine ar dhuine eile i gcáil ghairmiúil (.i. a bheith tar éis obair leo roimhe sin) agus gaol ábhartha ann féin. Ba cheart don bhord roghnúcháin nochtadh a dhéanamh agus é a thaifeadadh mar nochtadh.
 - (c) Mura ndéantar aon ghaoil ábhartha i leith an roghnúcháin a nochtadh, d'fhéadfaí an próiseas a dhéanamh neamhbhailí.

5. Iarratasóirí a ghearrliostú

- 5.1. Tiocfaidh an Bord Roghnúcháin le chéile a luaithe is féidir agus coinneoidh an scoil aon doiciméid nó nótaí a chruthóidh sé ar feadh 18 mí.
- 5.2. Féadfaidh an Bord Roghnúcháin líon íosta iarratas a leagan síos nach mór a fháil ionas gur féidir leanúint ar aghaidh leis an gcomórtas.
- 5.3. I gcás inar sonraíodh an líon íosta iarratas agus nár comhlíonadh é, fógrófar an post arís agus beidh foráil ann nach gá do na daoine a bhfuarthas a gcuid iarratas laistigh den am a sonraíodh san fhógrán iarratas a dhéanamh arís agus go gcoinneofar a gcuid iarratas go dtí an chéad spriocdháta eile.
- 5.4. Déanfaidh an Bord Roghnúcháin, sa chéad ásc, critéir chomhaontaithe a leagan síos chun measúnú a dhéanamh ar na hiarratais ag féachaint don reachtaíocht chuí agus do riachtanais an phoist.

Meabhraítear do scoileanna gurb é an t-íoschaighdeán riachtanach oideachais chun duine a cheapadh chun poist mar Chúntóir Riachtanas Speisialta le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2011: -

Mórcháilíocht FETAC leibhéal 3 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí

NÓ

Trí ghrád D ar a laghad i scrúdú an Teastais Shóisearaigh

NÓ

A Choibhéis

Déanfaidh na critéir arna mbunú ag an mBord na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus 2008 agus Cód Cleachtais an Údaráis Chomhionannais a chur san áireamh. Ní mór go léireoidh na critéir a roghnaítear riachtanais na scoile agus seolfar cóip de na critéir chuig gach iarrthóir a dtabharfar cuireadh dóibh teacht chuig agallamh.

- 5.5. Má tá triúr iarratasóirí incháilithe nó níos lú ná sin ann, tabharfaidh an Bord Roghnúcháin cuireadh do na hiarratasóirí incháilithe ar fad teacht chuig agallamh. Seachas sin, tabharfar cuireadh do thriúr iarratasóirí incháilithe ar a laghad teacht chuig agallamh.
- 5.6. Roghnófar na hiarratasóirí le haghaidh agallaimh bunaithe ar mheasúnú tosaigh ar na hiarratais i gcoinne na gcritéir arna mbunú faoi (5.4) thuas.

6. Agallaimh

- 6.1. Ba chóir cuirí chun freastal ar agallamh a eisiúint i scríbhinn nó tríd an ríomhphost laistigh de thrí seachtaine ón dáta deiridh chun iarratais a fháil agus ba chóir an méid seo a leanas a áireamh: -
 - (a) fógra seacht lá glan faoi am sonrach le haghaidh an agallaimh lasmuigh d'uaireanta scoile.
 - (b) sonraí na gcritéir atá socraithe maidir leis an bpost, a chuirfear san áireamh leis an bhfógra i scríbhinn faoin agallamh.

- (c) iarratas ar an iarrthóir a chur in iúl don Bhord Roghnúcháin má tá aon chabhair bhreise ag teastáil uaidh/uaithi i leith riachtanais speisialta. Ní mór don Chathaoirleach a chinntiú go bhfuil rochtain iomlán ar ionad na n-agallamh agus go gcomhlíontar an reachtaíocht uile maidir le Míchumas agus Sláinte agus Sábháilteacht ann, ba cheart go n-iarrfaí ar an iarrthóir freisin a chur in iúl don Bhord Roghnúcháin má tá aon chabhair bhreise ag teastáil uathu i leith riachtanais speisialta.
- 6.2. Ba cheart go mbeadh ionad na n-agallamh compordach agus ba cheart troscán iomchuí a bheith ann le haghaidh cruinnithe idir grúpa daoine fásta, agus ní foláir nó go mbeadh limistéar feithimh compordach ann.
- 6.3. Ba cheart don Bhord Roghnúcháin a áirithiú, a mhéid is féidir, nach mbuailfidh na hiarratasóirí le chéile roimh an agallamh nó ina dhiaidh, le linn dóibh a bheith san ionad agallaimh.
- 6.4. Beidh baint ag gach ceist sna hagallaimh le riachtanais an phoist ar leith. Ní chuirfear aon cheist ná ní iarrfar ar aon iarratasóir faisnéis a thabhairt a bhféadfaí a fhorléiriú gur ceisteanna nó iarratais idirdhealaitheacha iad.
- 6.5. Éilítear ar gach measúnóir a b(h)ileog mharcála féin a chomhlánú agus é a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Roghnúcháin nuair atá na hagallaimh críochnaithe. Cuirfear cóipeanna de na bileoga sin ar fáil do na hiarrthóirí ar iarratas.
- 6.6. Déanfar na marcanna aonair a shuimiú agus bainfear úsáid as an marc deiridh do gach iarratasóir chun na hiarrthóirí a mheastar a bheith feiliúnach lena cheapadh a rangú. Tabharfaidh an Cathaoirleach na marcanna deiridh agus an rangú don Bhord Bainistíochta mar aon le tuairisc scríofa, ina n-ainmnítear an t-iarratasóir/ na hiarratasóirí a mheasann sé a bheith oiriúnach lena c(h)eadadh.
- 6.7. Ní mór a dhearbhu sa tuairisc scríofa go bhfuarthas teistiméireachtaí oiriúnacha an iarratasóra na n-iarratasóirí a raibh an rangú is airde acu agus a ainmníodh lena gceapadh. Féadfar teistiméireachtaí a fháil i scríbhinn nó ó bhéil ó na moltóirí atá ainmnithe ag an iarrthóir ina f(h)oirm iarratais.

7. An tIarratasóir Rathúil a Cheapadh

- 7.1. Nuair a bheidh agallamh curtha ar na hiarratasóirí a bheidh i láthair, cuirfidh an Bord Roghnúcháin tuairisc scríofa faoi bhráid an Bhoird Bhainistíochta, ina n-ainmnítear
- (a) an t-iarratasóir a measann sé gurb é an t-iarratasóir is feiliúnaí é / í lena cheapadh agus
 - (b) liosta na n-iarrthóirí in ord fiúntais atá oiriúnach lena gceapadh chun aon phoist bhreise a thiocfaidh chun cinn le linn na scoilbhliana.
- 7.2. Buailfidh an Bord Bainistíochta leis an iarrthóir a d'ainmnigh an Bord Roghnúcháin agus ceapfaidh sé é/í mura bhfuil cúis mhaith agus leordhóthanach aige gan amhlaidh a dhéanamh agus mura raibh an chúis sin ar eolas ag an mBord Roghnúcháin. Sa chás sin cuirfear an t-ábhar ar aghaidh chuig an bPátrún agus glacfaidh an Bord lena c(h)inneadh i leith an ábhair.

- 7.3. Déanfaidh an Bord Bainistíochta liosta na n-iarrthóirí a mheastar a bheith oiriúnach lena gceapadh a choinneáil chomh maith. Beidh an liosta sin éifeachtach le linn na scoilbhliana atá i gceist maidir le haon cheapacháin chun poist mar Chúntóirí Riachtanas Speisialta d'fhéadfadh teacht chun cinn sa scoil. Déanfar teistiméireachtaí na n-iarrthóirí a sheiceáil sula ndéanfar ceapachán ar bith a thairiscint dóibh.
- 7.4. Níor cheart an ceapachán a thairiscint don fhostaí ionchais go dtí go bhfaighidh Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta ceadú roimh ré ón bpátrún.

8 Ord sinsearachta

- 8.1 I gcás ina dtosaíonn beirt Chúntóirí Riachtanas Speisialta nó níos mó a bpost ar an lá ceanna, socróidh an Bord Bainistíochta an t-ord sinsearachta buanaithe ar an ord fiúntais arna chinneadh ag an mbord roghnúcháin ina ndearnadh na Cúntóirí Speisialta Riachtanas Speisialta a liostú.

9. Grinnfhiosrúchán na gGardaí

- 9.1 Ní mór don Bhord Bainistíochta a chinntiú go gcomhlíontar na riachtanais ábhartha maidir le Grinnfhiosrúchán na nGardaí agus maidir le dearbhú reachtúil um chosaint leanaí a sholáthar agus foirm ghaolmhar ghealltanais ó dhaoine atá á gceapadh i bpoist mar chúntóirí Riachtanas Speisialta. Tá na riachtanais reatha léirithe ar www.education.ie

10. Measúnú ar Dhea-shláinte

- 10.1 Ba cheart socruithe maidir le measúnú a dhéanamh ar dhea-shláinte Cúntóra Riachtanas Speisialta roimh é nó í a cheapadh a dhéanamh tríd an Straitéis Sláinte Ceirde. Tá tuilleadh eolais faoi sin ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne (www.education.ie).

11. Conarthaí fostaíochta

- 11.1 Ní mór conradh fostaíochta a sholáthar do dhaoine nua a cheapfar i gcomhréir leis na téarmaí atá leagtha amach sa chiorclán ábhartha atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne -www.education.ie - Baile - Oideachas- Foireann Scoile- [Cúntóirí Riachtanas Speisialta](#).

12. An ceapachán a chur in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna

- 12.1 Nuair a bheidh próiseas na gceapachán comhlánaithe, a bhfuil cur síos air thuas, déanfaidh na Boird Bhainistíochta an fhoirm “Foirm Cheapacháin – Cúntóir Riachtanas Speisialta” atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne www.education.ie faoi Fhoireann Scoile/ [Cúntóirí Riachtanas Speisialta](#), a chomhlánú agus a chur chuig

Párolla na Foirne Neamh-mhúinteoireachta,
An Rannóg Párolla
An Roinn Oideachais agus Scileanna
Corr na Madadh
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí

Aguisín F

Dearbhú an Phátrúin

Ní mór gach cuid den dearbhú seo a chomhlánú go hiomlán.
(Seolfar ar ais dearbhuithe nach bhfuil comhlánaithe)

Cuid A. [Úsáid ceannlitreacha le do thoil]

Contae: _____ Uimh. Rolla: _____

Ainm na Scoile: _____

Seoladh na Scoile: _____

Ainm an Phátrúin: _____ Uimh. theil. an Phátrúin: _____

Cuid B. [Úsáid ceannlitreacha le do thoil]

Dearbhaím gur cheap mé:

Teideal: _____ Céad ainm: _____ Sloinne: _____

mar Chathaoirleach de Bhord Bainistíochta na scoile thuasluaite le héifeacht ón

_____ (Dáta).

Seoladh pearsanta an Chathaoirligh*: _____

Uimh. theil. phearsanta an Chathaoirligh*: _____

* Seo í an fhaisnéis atá de dhíth ar oifigigh na Roinne agus iad sin amháin agus ní thabharfar an fhaisnéis do thríú páirtithe.

Cuid C

Dearbhaím go ndearnadh ainmníthigh na dtuismitheoirí a thoghadh chuig an mBord Bainistíochta de réir **Aguisín B** de Bhunreacht agus Rialacha Nós Imeachta na mBord Bainistíochta 2011 ag úsáid (cuir tic sa bhosca cuí le do thoil):

Rogha 1 de Aguisín B ☐

Rogha 2 de Aguisín B ☐

CUID D

Dearbhaím go bhfuil ochtar comhaltaí an Bhoird ceaptha (nó i gcás scoile aon-oide, ceathrar comhaltaí Boird) agus go bhfuil an Bord Bainistíochta curtha ar bun de réir na gceanglas atá leagtha síos i mBunreacht agus Rialacha Nós Imeachta na mBord Bainistíochta 2011 agus san Acht Oideachais, 1998.

Sínithe: : _____ (Síniú an Phátrúin)

Dáta: _____

TABHAIR FAOI DEARA: [Is féidir an fhoirm seo a íoslódáil ag Láithreán Gréasáin na Roinne](#). Ba cheart í a chomhlánú go hiomlán agus a sheoladh ar ais chuig an Rannóg Rialachais Scoileanna, An Roinn Oideachais & Scileanna, Cor na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí. I gcás ina bhfuil athrú Cathaoirligh ann le linn théarma oifige an Bhoird, seolfaidh an Pátrún dearbhú nuashonraithe de **Aguisín F** chuig an Rannóg Rialachais Scoileanna chomh luath is a dhéantar an ceapachán.

Aguisín G

DEARBHÚ GLACTHA COMHALTAIS AR BHORD BAINISTÍOCHTA NA SCOILE

Scoil _____ Uimhir Rolla: _____ Contae _____

Seoladh: _____

Contae _____

Dearbhaím leis seo go nglacaim comhaltas ar Bhord Bainistíochta na scoile thuasluaite dá téarma oifige reatha, agus geallaim cloí leis na rialacha a bhaineann le mo dhualgais de réir ‘Bunrecht agus Rialacha Nós Imeachta na mBord Bainistíochta 2011’ agus gach riail, rialachán agus ciorclán agus reachtaíocht ábhartha eile de chuid na Roinne a bhaineann le comhaltas agus le feidhmiú na mBord.

Síniú an Chomhalta

Dáta

_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____

Ba chóir do gach duine de na comhaltaí an dearbhú seo a shíniú ag an gcéad chruinniú ar a bhfreastalaíonn sé nó sí. Féadfar an fhoirm seo a choimeád mar chuid de Leabhar na Miontuairiscí.